

SAOIRSE

UIMHIR 9

FEABHRA 1990.


Luach 70p




ISTIGH: Proinsias Mac Aonghusa faoi agallamh.



ISTIGH: Ceaucescu: an mbeidh a leithéid arís ann. Caitheann Dónall Ó Dufaigh súil ar chúrsaí eachtracha.



ISTIGH: Pádraig Ó Maolcraoibhe ar an eiseachadadh.



Litir Ó Londain

I stair na hÉireann tá cuimhne ar an Tiarna Randolph Churchill mar chearrbhach a d'imir an cárta Oráisteach. Nárbh é féin a dúirt go raibh "Bréaga, bréaga mallaithe agus staitisticí ann"? Is minic a bhaintear feidhm as staitisticí chun an teoiric a léiriú nach mbíonn ionannas Éireannach ann ar chor ar bith. I dtosach báire deirtear nach bhfuil a leithéid de dhuine ann mar ghnáth-Éireannach in aois chor ach suas le 5 mhiliún daoine éagsúla ar oileán na hÉireann. Ma tá gnáth-Éireannach staitisticíúil le fáil is Béarlóir é nó i agus mar cheatadán níl sna cainteoirí dúchais Gaeilge ach mionlach suarach. De réir na staitisticí Status-quo-acha sin is rud imeallach an Ghaeilge agus is duine "mí-nádúrtha" an té a labhraíonn an Ghaeilge.

Anois tá cónaí ar an ngnáth-Éireannach i gcathair nó i mbaile mór. Deirtear gur saolalódh an náisiún-stát le Réabhlóid na Fraince, cúpla céad bliain ó shin. Roimhe sin bhí na cathracha i bhfad níos lú agus faoin dtuath bhí daonra i bhfad níos tibhe, ná mar atá an lá inniu ann. Ag dul siar mar sin, lasmuigh den status quo-achas ba dhuine faoin dtuath agus ba chainteoir dúchais Ghaeilge an "gnáth-Éireannach".

Cháintí an dream Field Day as Doire toisc iad a bheith ró náisiúnach. Léirigh siad drámaíle Brian Friel agus le húdair eile agus tá neart pai mfléad á fholais acu. Alt go leor nior fholais siad tada i nGaeilge. Bhí teideal ar cheann den chéad trí phaimfléad á eisíodh acu ná "A New Look at the Language". An Ghaeilge, nach ea? Ní hea, ach canúint Angla-Éireannach an Bhéarla! Cén cuspóir atá rómpu, ach amháin leithscéalta a cheapadh chun ghlacadh leis an status quo nó leis an status quo leasaithe?

Anuraidh cuireadh fógra amach ag Ollscoil na Ríona faoi "M.A. in Irish Writing". Mar théama tá rogha idir sheacht n-ábhar ag an iarrthóir. Baineann sé cheann le scríobhnóireacht i mBéarla. Maidir leis an seachtú rogha níl an Ghaeilge féin atá ann, ach

LE PÁDRAIG Ó CNOCHÚIR

scríobhnóireacht dhá-theangach. An é an Ghaeilge/Béarla nó an é Sam Beckett an smaoineamh taobh thiar de sin? Caithfí a admháil gurb School of English na hOllscoile a tháinig an fógra sin. Cainteoirí dúchais (Béarla) a chum é, is dócha. Tá fadhb ann, ceart go leor, ach is ceardaithe focal iad na daoine sin. Nach raibh ar a gcumas an fhadhb sin a réiteach? Mar shampla, tá iris ann leis an teideal "Poetry Ireland" a thugann slí don dá theanga i gceist.... agus do Sham, nach maireann. Deirtear go mbíonn an Ghaeilge á hijacháil ag Sinn Féin. Má tá, tá an focal 'Irish' á hijackáil ag lucht stuathar na hOllscoile.

Go lua sa 17ú haois, nocht Sir John Daview a chuid thuairimí faoin bhfáth nach raibh Éire curtha faoi chois i gceart riamh ag na Sasanaigh. Dar leis ba iad an Béarla agus dlí na Sasanach na slata draflochtá chun an tír a chur ar shlí a leasa. Bheadh iontas ar an ridire sin, anois, a fháil amach ní amháin go raibh sé ag scríobh próis ar nós Mhonsieur Jourdain le Molière, ach go bhfuil sé ar cheann de na ceannródaíthe san "Irish Writing"!

Seans go mbíonn a leithéid de theoiricí ag dul beagán thar fóir. Tamall ó shin bhí raic i gComhairle Cathrach Bheal Feirste tar éis cúpla abairt i nGaeilge a bheith cloiste sa seomra naofa sin. "Teanga na Leipseachán" a bhí ann dar leis an gComhairleoir Rhonda Paisley. Más focal maslach féin é, bhí an ceart aici. Is ionann 'leipseachán' agus 'Lughachán' nó laghdú ar Lughachán' nó laghdú ar Lugh, dia ón npanteon Ceilteach a bhí ann roimh teacht na Críostaíochta. Mar theilgean de dhúchas na hÉireann ní hiad an Laidin nó an Béarla a bheadh oiriúnach.

An é sin an fáth gur bhain an Crúsoir feidhm as dán le Nuala Ní Dhomhnaill chun ionsaí a dhéanamh ar an ngleic armtha? Dar leis an mBriannach ba iad spioráid na Liosanna a spreag lucht na gleice, toisc nach raibh fonn air an locht a chur ar a chairde Sasanacha, is dócha.

COMÓRADH

Gach bliain i Meitheamh bíonn comóradh James Joyce mar shaghas oilithreachta mórtimpeall Baile Átha Cliath i gcoiscéimeanna Leopold Bloom in úrscéal "Ulysses". Ar dhóca an bhun-Bhloomsday ba chathair Ghallda i Baile Átha Cliath, gígo raibh Gaeilge le chloisint san ollchathair, mar a bhí riamh.

I gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe bhí córas oideachais níos tuiscleanaí maidir leis na mion-teangacha san Impireacht Ostar-Ungáir. Faoi réim na himpireachta sin a rugadh scríobhnóir eile, Franz Kafka, a bhí ar chomh-aois le Joyce. Ba lúdach é, cosúil le Poldy Bloom agus rugadh é i bPrág, cathair Sheiceach. Ar ndóigh, bhí an tSeicis mar theanga na cistine agus an Ghearmáinis mar theanga na mboc mór agus na ndaoine go raibh fonn orthu sodar na dhiaidh na n-Uasal, cosúil le muintir Khafka. Bhí gach cosúlacht go raibh Prág ag leanúint sampla Bhaile Átha Cliath agus an teanga láidir iasachta á glacadh acu. Níor tharla sé mar sin. Mar thoradh an bhua ar na Cumhachtaí Larnacha in 1918 cuireadh deireadh leis an Impireacht Ostar-Ungáir. Sa tsli sin bhí ardú céime ar Phrág mar phríomh-chathair stáit nua, an tSeicilóvaic. I ndiaidh an tionchair Ostaraigh agus imeachtaí an dara chogaidh domhanda tá neart daoine ann go bhfuil an Ghearmáinis acu, ach is cathair Sheiceach í Phrág, amach is amach. Os rud é gur scríobh sé i dteanga iasachta tá Kafka scartha óna chathair dhúchais.

D'éirigh leis na Seiligh san athghabháil chultúrtha; do theip orainn san iarracht chun an cuspóir céanna a bhaint amach. Bhí difríochtaí idir fadhbanna an dá náisiún, san amhras, ach ba í an difríocht is tábhachtaí ná go raibh na Seiligh dáiríre agus go raibh sinne sásta le haisteoireacht agus cur i gcéill.

Clár

EAGAIRFHOCAIL

"Ní tharlóidh tada de thimpist"

- Agallamh le hUachtarán Chonradh na Gaeilge, Proinsias Mac Aonghusa.

Saoirse Roimh 2,000 A.D.

- Scríobhann seanchaí na Ceise Fada, Eoghan Mac Cormaic, ar na hathruithe atá i ndán dúinn agus muid ag druid le deireadh na haoise.

Spléachadh ar na nochaidí

- Breathnaíonn ár gcomhfhreagraí ar chúrsaí eachtracha, Dónall O Dufaigh, ar na tíorthaí sin agus ar an réabhlóidí sin a bhéas sa nuacht le linn na nochaidí.

Craoltóirí nó Cinsirí

- I mí Eanáir rinneadh Mír 31 den Acht Craolacháin a athnuachan: ciorann Máirtín O Muilleoir cúla na cinsireachta ó dheas.

Ealaíontóir eiseamláireach

- Is é Locky Morris duine de mhór-dhealbhóirí óga na hEireann. Téann SAOIRSE chun cainte leis.

Dóchas don Ghaeilge

- "Tá daoine i Sinn Féin atá ar nós cuma liom faoin Ghaeilge nó naimhdeach aici." I spiorad Glasnost d'iarr SAOIRSE ar an iriseoir aitheanta, Eoghan O Néill, a thuairmí ar na páirtithe polaitiúla a thabhairt dúinn.

Súl Thart

- Acoimre ar chuid de na scéaltaí is spéisiúla ó thaobh na Gaeilge de.

Comhoibriú

- Oráid Phádraig Uí Mhaolcraoibhe ag Slógadh Shinn Féin.

Socraid

- Dán le 'Fan' i nonóir Chaiomhín Uí Bhrádaigh, fear Gaeltachta agus Oglach, a dúnmharaíodh ag reilig Bhaile an Mhuilinn agus Triúr Ghiobrálta é gcur.

An tAmhrán Eireannach

- Dán ón Iodáilís i gcuimhne Bobby Sands

Dosaen Leabhar Nua

- Leabhair úra do do leabhragán.

Fáilte romhaibh chuig SAOIRSE 9. Más mall is mithid a deirimid uilig! Aibhéil a bhí i dtuairiscí ár mbáis agus tá súil againn go mbainfidh ár leitheoirí dílse suilt as an eagrán seo is déanaí.

Abhar bróid dúinn uilig mar Phoblachtánaigh go bhfuil aistriúchán comhuaineach ar fáil ag Ard Fheis Shinn Féin i mbliana. Ní beag an chéim chun tosaigh é sin chan amháin do Roinn an Chultúir a throid go dian ar a shon ach leoga do Ghaeil uile na tíre seo. In agallamh le SAOIRSE deir Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Proinsias Mac Aonghusa:

"Dá labhródh chuile dhuine go bhfuil Gaeilge acu a bhfuil de Ghaeilge acu, d'athródh cúrsaí thar oíche."

Is fíor dó agus beidh an t-áiméar ag teachtaí na hArd Fheise sin a dhéanamh don chéad uair ariamh ag Ard Fheis 1990. Ach smaoinigh dá gcuirfí brú ar na páirtithe eile a mhacasamhail de chóras aistriúcháin a sholathar ag a gcomhdháileacha féin. De réir an daonáirimh ó dheas tá milliún Gaeilgeoir sna Sé Chontae Fíchead; chuirfí cor i saol na tíre dá n-éileódh an deichiú cuid den phobal sin a gceart le Gaeilge a labhairt ag gach imeacht poiblí o chruinniú de thúistí sceile go dtí cruinnithe an chomhairle chontae. Tá neart spáis ar an 'bandwagon' agus bímis ag súil le cuideachta amach anseo.

Ag tús na nochaidí athdhearbhaíonn muid ár seasamh ar son saoirse agus cirt in Eirinn. I ndiaidh fiche bliain de chogaíocht tá Rialtas na Breataine i ndiaidh admháil go poiblí nach féidir leo Oglach na hEireann a chloí. Tá saighdiúirí óga Briotanacha ag troid agus ag fáil bháis ar son cúise atá caillte.

Le fiche bliain anuas tá tugtha le fios ag Gluaiseacht na Poblachta go bhfuil go leor tacaíochta againn leis an tsreachaill ar son saoirse a chur chun tosaigh dh'ainneoin sár-iarrachtaí ár namhad. Eilíonn siad orainn go síoraí le cabhair na heaglaise Caitlicí agus an Rialtais i mBaile Átha Cliath tabhairt isteach do chóilíneachas Shasana inár dtír féin. Má ghéilleann muid gealltar gach cineál féirín dúinn mar nach mbeadh ionann ach páistí nach dtuigeann go ndéanfar ár leas sa stáitín lofa biogóideach ar a dtabhrann siad Tuaisceart Eireann.

Clúdach: Eddie Hale (25) agus Peter Thompson (21) ina lú marbh ar Bhóthar na bhFáil ar 13 Eanáir hdlúirí de chuid an SAS iad. Bhí gunna bréagach ag duine amháin den bheirt a bhí ag ur lámhaigh saigharraidh síopa geallaghlacadóra a robáil ach de réir finnéithe níor tugadh faill dóibh géilleadh agus scaoileadh leo arís agus arís eile agus iad ar an talamh. Deirtear ansin gur tugadh an coup de grace dóibh. Caitheadh an tríú fear, James McNeill (42), agus é ina shuí sa charra sa ghriangraf. Ní raibh gunna bréagach aige agus bhí sé gan péca. Mór sin is tráthas tugadh le fios go raibh baint ag na fir a maraíodh la gadaíocht gunnaí de chuid an SAS. Níor cúisíodh éinne as na marúithe.

“Ní tharlóidh tada de thimpist”

AGALLAMH


Proinsias Mac Aonghusa faoi agallamh ag Micheál Mac Con Mara, fo-eagarthóir Saoirse. Tá Proinsias ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus an eagríocht sin ag druidim le céad bliain de ghníomhaíocht.

SAOIRSE: An ann anois do Ghluaiseacht na Gaeilge?

P. Mac A.: Tá Gluaiseacht na Gaeilge ann anois le fada an lá. Tá an Conradh ann ó 1893. Bhí Gluaiseacht na Gaeilge ann roimhe sin, níor thosaigh sé leis an gConradh, cé gurb é tús an Chonartha a chuir bun ceart leis. Tá sé láidir anois, bhí sé níos láidre agus bhí amanna go raibh sé níos laige. An Conradh an t-aon eagraíocht oscailte, neamhpholaitiúil, neamhsheicteach atá ann gur féidir leis an ngnáthduine dul isteach ann. Tá 180 craobh den Chonradh sa tír ar fad. Taobh amuigh den tír tá craobhacha i Meiriceá, san Astráil, igCeanada, san Eibhléis agus sa bhFrainc. Bíonn obair ar siúl gach lá ag duine éigin nó craobh éigin de Chonradh na Gaeilge. Naiscoileanna, Gaelscoileanna, feachtais áitiúla, comórtas Ghlór na nGael, formhór mór na ndaoine atá ag plé leis, baill iad de Chonradh na Gaeilge.

SAOIRSE: An gcreideann sibh fós in athbheochaint na Gaeilge mar phríomhtheanga na tíre?

P. Mac A.: Creidim-se ann. Glacaim leis go gcreideann daoine eile ann. Is féidir sin a thabhairt chun críche ach an toil a bheith ann. Cuimhnigh ar an rud gur éirigh leis na lúdaigh a dhéanamh sa bPailistín. Nuair a bunáladh Conradh na Gaeilge ní raibh an Eabhras ann mar theanga labhartha. An té a théann go



hIosrael anois ní chloisfidh sé ach an Eabhrais agus an Arabais. Bhí an toil ag na hIudaigh é sin a dhéanamh. Má tá an toil ag muintir na hEireann is féidir é a dhéanamh. Ins an bpobal sna Sé Chontae Fíchead, tá mílín duine a deireann go bhfuil an Ghaeilge acu. Tá a fhios agam nach Gaeilge mhaith atá acu ar fad ach taispeánann sé gur mhaith le daoine go gceapfaí go raibh Gaeilge acu.

SAOIRSE: Cad a spreagfaidh an toll sin chun an Ghaeilge a athbheochaint?

P. Mac A.: B'fhéidir gur ar bhealach éagsúla a thiocfaidh sé. Ceann acu ná an Comhfhargadh. Ní raibh mé féin riamh ar son an Chomhfhargaidh, vótáil mé ina choinne sa dá reifrann agus tá an-amhras orm faoi. Tugaim faoi deara, áfach, de réir mar táimid sínte isteach ann, gur mó atá daoine ag smaoineamh ar a dtír féin agus ar a náisiún féin. De réir mar tá an Latvia, an Liotuáin, an Eastóin, an Airméin agus na tíortha eile sin ag iarraidh a gceart, go bhfuil daoine anseo ag caint ar 'cad faoi Eire'. Níl siad ag smaoineamh ar éirí amach, níl siad ag smaoineamh ar athrú mór teangan a dhéanamh thar oíche. Ach tá siad ag smaoineamh agus smaoineamh a dhéineann an difríocht.

SAOIRSE: Cad é dearcadh an Chonartha i leith an Chomhfhargaidh?


P. Mac A.: Ní dóigh liom gur dearcadh ró-chinnta a bheadh ann. Ní raibh an Conradh ar son an Chomhfhargaidh, seo i bhfad sula raibh mise i mo Uachtarán, agus níl aon athrú air sin. maireann an Conradh san aois ina bhfuil sé agus caithfidh glacadh leis an saol mar atá sé. Deineann muid iarracht ar rudal a athrú ach caithfidh glacadh lena lán rudal freisin.

SAOIRSE: Cén tábhacht a bhaineann le hathbheochaint na Gaeilge.

P. Mac A.: Sílím nach bhfuil aon rud níos tábhachtaí ná é, ar an gcaoi seo. Dá mba rud é nach raibh an Ghaeilge anseo, ní fheicim aon údar gur tír neamhspleach a bheadh ionainn. Ní bheadh ionainn ach Sasanaigh nua darbh ainm Eireannaigh. Sin é an bonn náisiúnta is fearr atá againn. Níl rud ar bith sa tír níos Eireannaigh ná an Ghaeilge.

SAOIRSE: Cá seasann an náisiún anois?

P. Mac A.: Is deacair sin a rá. Tá rudal le tabhairt faoi deara. An iarracht chun deireadh a chur le réimeas Sasana sa tír seo, an ceann atá ar siúl faoi láthair, sin an ceann is faide, is fuilte agus is fearr dár reachtalodh ariamh. Níl sé sin tugtha faoi deara ag an bpobal mar ní maith leo é a thabhairt faoi deara mar chuireann sé isteach orthu. Insíonn na nuachtáin agus na meáin chumarsáide eile bréaga do-chreidte faoin a bhfuil ag tarlú. Tá tacaíocht pobail le hídéal an phoblachtánaichais, le hídéal na Gaeilge, le hídéal an náisiúnachais. Tá an pobal an-chiúin. Cuireann rudal áirithe an-uafás ar fad ar an bpobal agus tá faitíos orthu ar a lán slite.



Feiceann siad an eisirce uafásach, an dí-fhostaíocht uafásach. Ní maith leo mórán a rá nó a dhéanamh faoi sin. Taobh amuigh de Bhliá Cliath, taobh amuigh den Donnybrook Set agus an dream sin ar fad, tá pobal na hEireann sa chuile chearn d'Eirinn chomh náisiúnach agus a bhíodar riamh. Ar ndóigh tá cuid acu chomh frith-náisiúnach agus a bhíodar riamh freisin.

SAOIRSE: An bhfuil an stát sna sé chontae fíchead ag imirt ról lárnach san athbheochaint?

P. Mac A.: Níl. Bhí, ó 1924 go lár na gcaogaidí nó fiú go 1960 ach níl anois. Tá sé ag trá; tá daoine sa rialtas agus sa bhfreasúra freisin atá go láidir ar son na Gaeilge, ach a bhformhór mór is cuma leo sa mí-ádh mór faoi. Is cuimhin liom a bheith ag caint le hAire an-ard faoi seo cúpla bliain ó shin agus chuaigh sé tré liosta na n-airí eile agus dúirt sé: "an gceapann tú go bhfuil sé siúd i bhfábhair na Gaeilge, é siúd agus é siúd." Agus bhí an tAire seo ag inse na firinne. Níl siad i gcoinne na Gaeilge, nó má tá ní dhearfaidís é, ach is cuma leo faoi. Is fíor é freisin faoi ardsheirbhíshigh.

F3 SAOIRSE: Cad é do mheas ar chúrsaí Gaeilge sna Sé Chontae.

P. Mac A.: Tá dhá rud ag baint leis. Ar an gcéad dul síos tá iachall curtha ar an stát don chéad uair i ndáiríre chun aird a thabhairt don Ghaeilge. Sin céim mhór chun tosaigh. Ach ar ndóigh an chéim is mó chun tosaigh an pobal in lathar Bhéal Feirste, i nDeisceart Ard Mhacha, agus in áiteanna eile agus go háirithe i ndeisceart an Dúin ag cur an oiread sin spéise sa Ghaeilge agus iad dáiríre faoi. Mar nuair a bhíonn daoine i gcúige Uladh dáiríre bíonn siad dáiríre agus ní bhíonn siad ag cur igcéill. Níl cúrsaí go maith, go deimhin níl, ach tá siad níos fearr ná mar bhí siad agus bheadh andóchas ar fad agam.

SAOIRSE: An nglacann tú leis go bhfuil an Ghaeilge mar chuid d'oidhreacht gach duine sa tír seo? An bhfuil seilteachas ag baint léi.

P. Mac A.: Sin seafóid. Níl údar ar bith le tuairim gur leis na Caitlicigh an Ghaeilge. Bhí protastúnaigh i gcónaí ag plé leis an nGaeilge. Tá an oiread céanna fán gcéad Protas-

túnaigh a bhfuil spéis acu i nGaeilge sna Sé Chontae Fíchead. Sna Sé Chontae bíonn sé níos deacra mar tá an deighilt idir pobail i bhfad níos mó ansin. Glacaim leis gur Eireannach duine ar bith atá ag cónaí sa tír seo agus a dteastalonn uaidh a bheith ina Eireannach. Duine ar bith a thugann Eireannach air féin sin Eireannach, bíodh sé trí mhí anseo nó trí chéad bliain nó trí mhíle bliain. Má cheapann duine gur mhaith leis féin bheith ina Eireannach agus é ina chónal anseo, go deimhin nó ina chónal in áit éigin eile ach oiread, tá sé ina Eireannach chomh fada agus a thagann an scéal liomsa.

SAOIRSE: Cá seasann na Gaeltachtaí anois?

P. Mac A.: Tá na Gaeltachtaí ag éirí níos laige ó bhliain go bliain. Níl ach bóla beaga bídeacha inar féidir fíor-Ghaeltacht a thabhairt orthu. Tá siad an-tábhachtach. Tá an Ghaeilge freisin ag titim iontu, agus ag tanú go tréan. Is laige an Ghaeilge a labhtar iontu ná mar a labhraíodh iontu, abair scór bliain ó shin. Agus is eagal liom gur ag dul i ndonacht a bhéas cúrsaí muna dtiocfaidh athrú ar rudal.

Tá rudal an-mhaith ag tarlú. 'Sé an ceann is fearr is dócha ná Raidió na Gaeltachta. Is iontach an obair atá déanta ansin. Tiocfaidh, le cúnamh Dé agus an stáit, teilifís Ghaeilge sa nGaeltacht nó ar fud na tíre ar bhealach éigin. Dhéanadh sé siúd difríocht. Dá dtrádh Gaeilge ar fad sa nGaeltacht agus gur breac-Ghaeltacht a bheadh sa cheantar atá ina Ghaeltacht anois, ba dhona an lá é don Ghaeilge sa tír ar fad.

SAOIRSE: An féidir athbheochaint na Gaeilge a chur i gcrích má imíonn na Gaeltachtaí?

P. Mac A.: Ní dóigh liom é. Dá mbeadh deireadh leis na Gaeltachtaí bheadh Gaeilge ann. Bheadh Gaeilge ann ar feadh na gcéadta bliain ach séard a bheadh ann ach caitheamh aimsire ag daoine agus ábhar staidéir in ollscoileanna ach ní teanga pobail a bheadh inti. Bheadh sí ar an dé deiridh, bheadh sí dá labhairt mar tá Esperanto anois.

SAOIRSE: Cad tá i ndán do Chonradh na Gaeilge?

P. Mac A.: Tá an Conradh ag dul chun cinn, tá feachtas ballraíochta mór ar siúl againn sa bhliain seo 1990. Tá súil agam go ndúblófar an Conradh idir seo agus deireadh na bliana nó an tráth seo an bhliain seo chugainn. Ar ndóigh ba mhaith liom dá mbeadh deireadh le Conradh na Gaeilge, nach raibh aon ghá leis, ach sílím go mbeidh gá leis ar feadh mo shaoi-sa ar aon nós.

SAOIRSE: Cad iad na fadhbanna is mó sa ghearr-théarma?

P. Mac A.: Ar dtús déarfainn an státhóras. Tá an chontúirt ann nach mbeidh an státhóras ar chor ar bith ag plé leis an bpobal i nGaeilge faoi cheann cheithre nó chúig de bhlianta má leantar leis mar atá; go dtiocfadh tuilleadh gearradh siar ar an nGaeilge sna scoileanna agus sna hollscoileanna. Níl an oiread ag plé le Gaeilge sna hollscoileanna agus a

bhíodh. Sin droch-chomharthaí, agus is easpa teagaisc Gaeilge sna meánscoileanna agus sna scoileanna náisiúnta is ciontach leis sin.

SAOIRSE: An bhfeiceann tú comharthaí dóchais?

P. Mac A.: Tá neart comharthaí dóchais ann. Tá tuiscint níos fearr ag an ngnáthphobal ar thábhacht na Gaeilge ná mar a bhí. De réir mar tá cuidiú agus spéis an stáit ag imeacht is ea is mó atá spéis an ghnáthphobail ag meádú. Tá daoine an-mhaith sa eaglais, ar nós an Cairdinéal O Fiaich, ar nós a lán daoine eile. An tAthair Pádraig O Fiannachta atá sásta labhairt ar son na Gaeilge cuma cé hiad a gcuireann sin as dóibh. Tá an pobal fós leis an náisiúnachas Gaelach creidim. Tá na Gaelscoileanna an-tábhachtach fosta. Ach, ar ndóigh, is cáineadh mór iad ar an gcóras gur gá le leithéid de scoileanna a bheith ann.

SAOIRSE: An bhfuil borradh faoi litríocht na Gaeilge?

P. Mac A.: Tá, sílim. Is cinnte gur mó atá dá fhoilsiú i nGaeilge ná ariamh. Sílim go bhfoilsítear suas le céad leabhar sa mbliain i nGaeilge. Níl an caighdeán céanna acu ar fad ach tá úrscéalta breátha dá scríobh. Cá bhfuighfidh tú úrscéal chomh breá le 'Sionnach ar mo Dhuan' le Breandán O hEithir? Leabhar beo, aibí, iontach greannmhar. Tá sé chomh maith le leabhar ar bith atá dá fhoilsiú sa bhFrainc, ná sa Spáinn, ná sa nGearmáin, ná i Sasana faoi láthair. Tá cúrsaí litríochta go maith.

SAOIRSE: Tá ceol trádísiúnta na hÉireann i staid láidir anois. An bhféadfadh an Ghaeilge dul chun cinn chomh tapaidh a dhéanamh?

P. Mac A.: Tá buíochas ag dul do Chiarán Mac Mathúna, do Sheán Mac Réamoinn, do Shéamus Ennis, do Raidió Éireann go háirithe faoi sin agus do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann nach mbeadh ann b'fhéidir gan an raidió. Is éasca go mór a bheith ag plé le ceol ná a bheith ag plé le teanga. I ndeireadh báire is deacair an rud é aon teanga a fhoghlaim. Is gá go dteastódh uait é a dhéanamh, níl sé éasca. Níl tharlóidh cúrsaí mar a tharla maidir le ceol. Tarlóidh sé ach ní mar sin a tharlóidh sé.

SAOIRSE: Cad iad na hálseanna is mó atá ag teastáil chun cabhrú le foghlaimneoirí an Ghaeilge a labhairt?

P. Mac A.: Séard a cheidim féin nach bhfuil rud ar bith níos fearr ná scaitheadh maith a chaitheadh i nGaeltacht. Níl ar son sluaite móra a dhul ann le chéile. An scéim atá ag Gael Linn maidir le scoileanna náisiúnta, go bhfanfadh malraí i dtíthe ar feadh trí mhí agus a dhul chuig scoil náisiúnta áitiúil, d'éirigh le sin. Eiríonn leis na cúrsaí a bhíonn



Gaelscoil na bhFál: "Tá na Gaelscoileanna an-tábhachtach."

ar siúl ag Cumann na bhFiann ar bhealach eile mar go bhfuil smacht an-mhór acu ar a dtarlalonn. Ní féidir an Ghaeltacht a bhualadh. Is ansin atá an Ghaeilge dá labhairt go nadúrtha. Sin an bealach is éasca le Gaeilge a fhoghlaim. Ba chóir go mbeadh bealach ann agus go n-íodh an stát as go díreach le go mbeadh deis ag chuide pháiste scoile trí mhí a chaitheadh sa Ghaeltacht. Dá dtarlódh sin, níl amhras dá laghad orm ach go mbeadh togha na Gaeilge ag an nglún a thioctas inár ndiaidh.

SAOIRSE: Cad is féidir le daoine a bhfuil Gaeilge acu a dhéanamh?

Dá labhródh chuide dhuine go bhfuil Gaeilge acu a bhfuil de Ghaeilge acu, d'athródh cúrsaí thar oíche. Bíonn náire ar dhaoine toisc nach bhfuil Gaeilge mhaith acu. Is cuma: labhraíds an Ghaeilge atá acu.

Tá an-tábhacht leis an bhfáinne. Níl amhras ar bith orm ach go labhrann daoine leat i nGaeilge i bhfad níos mó nuair a bhíonn fáinne ort. Is rud an spéisiúil é agus tugann sé misneach do dhaoine eile freisin.

SAOIRSE: Cad a fheiceann tú romhat sna nochaidí maidir leis an Ghaeilge?

P. Mac A.: Tá súil agam go bhfeicfidh mé faoi cheann dheich mbliain go mbeidh an Ghaeilge níos fearr ar a bunóchaí ná mar atá anois. Tá súil agam go mbeidh teilifís Gaeilge ann ar ard-chaighdeán a bheidh le feiceáil ar fud na tíre agus é bheith go maith agus muintir na Gaeltachta a bheith páirteach ann. Tá súil agam go mbeidh ag éirí níos fearr le nuachtáin Ghaeilge agus le leabhair Ghaeilge. Go háirithe tá súil agam go mbeidh an Ghaeilge níos

láidre i measc an phobail de bharr scoileanna agus de bharr raidió agus teilifís ná mar atá. Creidim go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh. Ach creidim freisin go bhfuil contúirt ann agus creidim go bhféadfadh a mhalairt tarlú mura leanfar leis an obair an t-am ar fad. Ní tharlóidh tada de thimpist.



An Cairdinéal O Fiaich: "duine maith san Eaglais."

SAOIRSE ROIMH 2,000 A.D.

**Seolann Eoghan
Mac Cormaic
litir chugainn o
na Blocanna-H.**

Um Nollaig 1989 bhí mé i measc na saoladóirí a saoradh ar feadh treimhse shé lae ó phríosún. Ba cimi sinn uilig a raibh breis is 13 bhliain caite againn faoi ghlas. De bhrí sin, bhí na hochtóidí go léir 'cailte' againn agus cuid mhaith de na seachtóidí fosta. Bhí muid i measc an aosa óig nuair a cuireadh póstaer ar na ballaí ag fogairt 'Saoirse '75', 'saoirse 76' srl. . Is mór an mhalairt aimsire atá ann inniu agus mé ag scríobh fán téama 'Saoirse roimh an 2,000 bliain'. Réalachas atá taobh thiar de smaointí na haoise seo in ionad scéalachais na seachtóidí.

Ach conas is féidir réabhlóideachas, agus ní bheidh aon saoirse sa tír seo gan réabhlóideachas, a neartú sa phobal? Níl aon tinteán mar do thinteán féin agus nuair a smaoiním ar shaoirse don tír seo smaoiním ar shaoirse do mo dhúiche féin. Minic go leor tá na fadhbanna céanna, na constaicí céanna sa m hiondúiche ia atá sa mhór-limistéar, nó sa tír ar fad. Níor réitigh mé ceisteanna mo bhaile dúchais féin taobh istigh den sé la ach sa spás gnoitheach sin thug mé cuairt ar corradh le 50 teach agus labhair mé leis na céadta daoine. D'amharc mé ar shochar atá ró-shaibhir don bhochtanas agus ró-bhocht don saibheas.

Tá maoin le feiceáil in achan teach: teilifiseáin, físeáin, gutháin, seinntóirí ceirín agus mar sin de. Ach cé go bhfuil éadaigh ar na páistí agus rud beag airgid ag daoine le díol as bia agus corrdheoch, tá siad beo ar an 'never, never'. Tá fiacha le híoc i gcónaí i saol seo an nuabhochtanaís ach an gcuireann an saol leathchompardach seo isteach ar streachailt na saoirse? Ó staitisticí a bailíodh ar nósanna vótála i Sasana, fuarthas amach gur airde an tacaíocht do phairtíthe an eite clé nuair atá lánfhostaíocht ar fáil, agus breis puntáí ag an lucht oibre. Go hioróineach titeann an tacaíocht sin in aimsir an ghatair. Anseo nuair atá an bochtanas ag brú ar dhaoine tá imní orthu cibé giota beag atá bainte amach acu a chailleadh. Ní bheidh muinín réabhlóideach sa phobal go dtí go mbíonn athbheochan eacnamaíochta ann. Táimid cosúil le daoine sa Tríú Domhan atá chomh bocht sin nach bhfuil fonn orthu tuilleadh a fhulaingt chun a saol a fheabhsú.

Scríobh Máirtín Ó cadhain gurb é athghabháil na Gaellge athghabháil na hElreann. Bhí sé ag



Thuas: Eoghan Mac Cormaic ag lainséil an dara leabhair dá chuid, Lúb ar Lúb, i nDoire Cholm Cille ag an Nollaig agus é amuigh ar parúl. Dioladh amach céad leabhar an udáir, Fite Fuaite, leabhar de chrosfhocail a cumadh sa Cheis Fhada.

Leabhar crosfhocal atá sa dara saothar uaidh ach an t-am seo tá an leabhar dirithe ar dhaoine óga. Tá scéal na mBlocanna-H agus foclóir Ceilteach curtha i dtoll a chéile ag an udár fosta agus tá súil go bhfeicfear i gcló go luath iad.

scríobh sula raibh na meáin ag an nua-chóillneachas. Is léir sna nochaidí gurb é athghabháil na meonta athghabháil na tíre. Toisc an nua-chóillneachais ní hé an talamh ná an tír atá cillínithe ag na Gaill ach córas smaointe na ndaoine. Dúirt Séamus Ó Conghaile gur cuma bocsa poist glas a bheith againn mar go rialódh na Gaill sin go fóill tríd an chóras eacnamaíochta. Anois is beag buntáiste atá le saoirse coirp muna bhfull saoirse intinne againn. Sna nochaidí cailthimid an tsaoirse sin a bhaire amach.

Tháinig mé arais go dtí an Cheis Fhada tar éis mo shé la agus dóchas nua agam go mbeadh an bua againn sa deichniúr seo. Chonaic mé cuid mhór daoine atá ag obair i dtreo an chuspóra sin. Caithfear an pobal agus na grúpaí eagsúla a thbhairt le chéile agus ceannaireacht a thabhairt nuair is gá. Ar a laghad nílimid chomh baoh inár gcuid feallsúnachta is a bhímis sna seachtóidí. Tuigimid nach mbeidh saoirse againn laistigh den choicís: ach beidh an bua againn. Táimid tosaithe ar an obair riachtanach ata de dhíth le cultúr nua a fhorbairt don phobal. Anois, leanaigí ar aghaidh. Ní fada go dtí 2,000 A.D.



■Sagart ó na treallchogaithe ag tabhairt amach comaoineach in El Salvador. Tchífear géarú ar an choimhlint idir an eite dheas agus an eite chlé i Meiriceá Lár amach anseo.

Spléachadh ar na nochaidí

Nuair a bhíonn cúrsaí i gcoirnéal éigin den domhan, tamall fada, gan aon mhóráthru ar bith, tá sé furust a chreidmheáil - go háirithe ag na daoine a ba mhó a ba mhaith leo athraithe a fheiceáil - nach dtiocfaidh athrú ar chúrsaí go deo.

Ach má smaoiníonn tú air tamaillín, ní fhaigheann muid ón stair ach ceacht chinnte amháin: Athraíonn rudaí! Ní athraíonn siad gan bhrú ach athraíonn siad! Cruthaíonn gach rud é, ón Ayatollah go dtí an tSiombáib, ón Bhanglaideis go Perestroika.

Tá na hathraithe is mó a tharla ar an domhan le níos mó ná 40 bliain ag tarlú in Oirthear na hEorpa le cúpla mí anuas agus méadóidh ar an hathraithe sin agus ar a dtionchar ar an chuid eile den domhan sna 10 mbliana atá romhainn. Níl an áit ina bhfuil Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha inniu gan chontúirt. Caithfidh go bhfuil go leor daoine ins an stat ollmhór sin nach aontaíonn leis na hathraithe polaitíochta is eacnamaíochta nó, ar a laghad, atá neirbhíseach fúthu. Má theipeann ar pláananna

Ghorbaiteoif saol níos fearr a thabhairt do mhuintir A.P.S.S. go measartha gasta nó má bhriseann cogai amach gach áit fríd an stát de thairbhe na náisiúin is na grúpaí eitneacha atá chomh measctha sin fríd a chéile in A.P.S.S., beidh deireadh le Gorbaitioif agus contúirt mhór ann go dtiocfadh le cogadh domhanda a theacht as.

Ach tuigean ach an duine sin. I Málta dúirt Gorbaitioif go mbeadh pás le taisteal ag na daoine uilig ina tír a ba mhaith leo sin agus nach gcuirfeadh A.P.S.S. isteach ar chinneadh ar bith inmheánach a dhéanfadh tír ar bith de chuid Comhaontú Vársá. Mhinigh sé gur mhaith leis an dá thaobh den Eoraip a thabhairt níos congraí dá chéile ach nach raibh aon deifir le athaontú na Gearmáine ná le deireadh a chur le Comhaontú Vársá.

Shocraigh siad, i bprionsabal, ar gearradh siar go mór ar ghach cinéal arm - airm nuicléacha ina measc. Gheall Bush cuidiú eacnamaíochta is teicneolaíochta mar tuigean seisean na contúirtí a bheadh i dteip Ghorbaiteoif. D'aontaigh Bush is Gorbaitioif go raibh socráithe le cuartú go práinneach ins an Afganastáin, Meiriceá Lár, an Chambóid agus i nDeisceart na hAfraice. D'aontaigh siad tacaíocht na díse a thabhairt do Comhdháil

LE DONALL O DUFAIGH

Idirnáisiúnta le fuascailt a chuartú ar cheist an Mheánoirthir.

Cé go bhfuil deacrachtaí móra ag baint le ceist na náisiún taobh istigh de A.P.S.S. creidim go réiteofar iad gan aon mhórchogadh agus gurb 'é an réiteach is dócha na cónascadh chuid mhaith níos scaoilte arís ná mar atá anois ann. Ar aon nós, bhí A.P.S.S. riamh níos fearr ó thaobh cearta teangan, agus cultúir ná mar a bhí tír ar bith in lathar na hEorpa: an Fhrainc, an Iodáil, Sasana is araile.


Cuideoidh réiteach den chineál seo - chomh maith le deireadh leis an Chogadh Fhuar - le ceisteanna náisiúnachais a réiteach in lathar na hEorpa. Sílim mar shampla go mbeidh réiteach ar cheist Euskadi taobh istigh de 3 nó 4 bliana a fhágas Tír na mBascach beagnach saor ar fad agus a fhágas seans níos fearr acu brú ar aghaidh le hath-Bhascach na tíre. Níl Bascais ach ag 600,000 as 2,800,000 inniu. Beidh 3 mhilliún ann faoin bhliain 2000 agus creidim go mbeidh milliún acu dhá-theangach. Leis an bhrú atá sna Bascaigh ón thaobh na teangan beidh, 2 mhilliún acu dhá-theangach faoin bhliain 2020.

Sa Rúmáin ruaigeadh Ceaucescu agus b'fhéidir anois roimh an bhliain 2000 go ndéanfaid daonlathú ar an Albain.

Cuirfidh Stait Aontaithe Mheiriceá is Comhphobal na hEorpa cinéal de Phlean Mharshall i gcrích le cuidiú le

hOirthear na hEorpa. Beidh ceangail éigin eacnamaíochta agus fiú polaitíochta idir tíorthaí an Chomhphobail Eorpaigh is tíorthaí Oirthear na hEorpa sa chruth is go dtig linn labhairt faoi aonad eacnamaíochta de shaghas éigin ón Atlantach go dtí Sléibhte na hUraile agus níos faide soir. Beidh an Ghearmáin cómhnaasctha agus A.P.S.S. agus an Ghearmáin an chuid is láidre d'eacnamaíocht na hEorpa. Chítear dom go mbeidh síocháin sa Mheáin - Oirthear faoi dheireadh. Beidh stát Palaistíneach ar an Bhruach Iartharach agus ins na Críocha Gafa ach beidh stát Iosrael ann ar fad.

Fiú inniu is ollchumhacht eacnamaíochta an tSeapáin. Ins na Stáit Aontaithe féin is leis na Seapánaigh cheana féin Colombia Pictures, Foirgneamh Rockefeller is siopaí móra Bloomingdale's. Beidh níos mó de chumhacht eacnamaíochta arís ag an tSeapáin faoi dheireadh an chéid agus níos mó den tionscáil suite fá bhruacha an Aigeáin Chiúin.



■An Ginearál Noriega ag fágáil slán le Panama is na heictóid.

Ach ins an Tríú Domhan is mó a bhfuil fás ar an daonra agus is mó a bhfuil daoine ag fáil bhaís ón ocras agus ó aicidí gur féidir a leigheas ach beagáinín airgid a bheith ann chuglaí sin. Deich mbliana ó shin bhí níos lú na 4500 milliún duine ar an domhan. Faoin bhliain 2000 beidh níos mó na 6000 milliún ann. Beidh 12000 milliún acu slúd sa tSín. Teangacha an Tríú Domhain is mó a bhéas fás orthu - tá líon na Spáinniseoirí (de thairbhe Mheiricea Theas) ag méadú an dá oiread chomh gasta is atá líon na mBéarlóirí. Inniu tá 350 milliún de Spáinniseoirí ar an domhan. Taobh istigh de dheich mbliana beidh níos mó na 500 milliún agus díofar níos mó leabhar sa Spáinnis na l dtéanga ar bith eile ach amháin an Béarla.



■Athruithe in Oirthear na hEorpa. Thuas léirslú i Sofia na Bulgair.

Beidh feabhas eigin ar fhadhbanna ocras is aicde sa Tríú Domhan go háirithe i Meiriceá Laidíneach agus ins an Ais. Caithfidh tíorthaí Mheiriceá Theas uathu na fiacha atá á dtachtadh. Beidh níos lú deachtóirí agus níos mó daonlathais ann ná mar atá inniu ach leis an fhás ins an daonra, go háirithe san Afraic, deich mbliana chun tosaigh ní bheidh ach 20% den daonra sa Chéad Domhan i gcomparáid le 26% deich mbliana ó shin.

I 1990 tá na Náisiúin Aontaithe, tríd UNESCO ag cur béime ar litearacht (cumas léimh is scríbhne). Tá beagnach 1000 milliún duine gan léamh na scríobh ar an domhan inniu agus tá dhá dtrian acu siud ina mná. Le hobair na bliana is na deich mbliana seo chugainn agus an bheim a leagfar ar bhunscolaíocht do na páistí uilig agus ar scileanna léitheoireachta do dhaoine fásta chan amháin go mbeidh titim suntasach ar ceatadán na ndaoine gan léamh ach, d'ainneoin an fháis i ndaonra iomlán an domhain beidh titim nach beag in uimhreacha na ndaoine gan léamh.

Ní bheidh maolú ar an Mhoslamachas ó thaobh díograise agus beidh fás mór ó thaobh daonra acu san Afraic, sa Mheáin Oirthear agus san Ais. Beidh an chuid is mó den bheocht atá sa Chríostaíocht ins an Tríú Domhan agus beidh níos mó coimhlinte, idir an chléir i Meiriceá Laidíneach agus san Afraic ar thaobh amháin agus an Róimh ar an taobh eile mar beidh siad míshásta le seasamh na hEaglaise Caitlicí ar an bhochtanas. Beidh caint fá bhrú ollmhór (Plean Mharshal) na ins an Tríú Domhan agus ticfaidh an brú ollmhór an chéad deich mbliana den aois nua.

Sa Chéad Domhan, tríd oideachas is na meall cumarsáide, beidh níos mó tuigse ann gur a scáth a chéile a mhalreann an domhan uilig agus as an tuigse sin a thloctas an brú láidir sin a luaidh cheana. Tuigfidh daoine níos fearr na innlu nach féidir úsáid agus mí-úsáid gan smaoinemh a bhalnt as an chruinne. As sin a thloctas go mbeidh i bhfad níos mó daoine scrupallach fá thruaillú an domhain agus beidh sin ina spreagadh le cuidiú leis an Tríú Domhan sa mhóid is go ndéanann an truaillú a ní tír amháin dochar do chách.

Tuigfidh daoine gur an gualaisteán príobháideach an namhaid is measa atá ag an tmeallacht, lán chomh holic le gearradh síos foraoisí na fearthainne. Beidh cosc ar ghach cinéal truaillithe, i bhfad níos mó traenacha is busanna, agus fiú tramanna arís sna cathracha chun gearradh síos ar líon na ngluaisteán.

Chífidh muid níos mó daoine ar rothair is ag siúil, chan ag 'jogáil'! An méid milltineach ama is fuinnimh a chuir daoine isteach ag déanamh damafste da gcuid cnámh ag jogáil sna hochtóidí, cuirfidh siad isteach é ag garraíodóireacht nó ar shiúlóidí fada ar an uaigneas. Beidh áthscrúdú bunúsach a dhéanamh ar an dearcadh a chuireann measín in áit duine gach uair is féidir. Tá obair de dhíth ar dhaoine; nílimid ag dul a rith amach as an bhun-ábhar a dhéanann 'duine' agus de ghnáth ní an duine níos lú




Saoirse i ndán don Afraic Theas?

damáiste don timpeallacht na n meaisín.

An drochphoiblíocht a fuair toitiní cheana féin, gheobhaidh an t-alcól é ins an deich mbliana atá romhainn agus beidh titim ar a mheád a ólfar. Beidh a fhios ag daoine na fircí seo a leanas: gur dul thar fóir leis an ólachán is cúis le 80% de na daoine a gheibh bás tríd dóiteán, le 50% de na dúnmharaithe uilig, le 33% den drochíde den uile chineál a thugtar phaisti, le 66% de na hiarrrchtaí a thugann daoine le lámh a chur ina mbás féin agus go bhfuil 20 uair an méid daoine ag fáil bháis ó aicidí a bhaineann le hólachan is a bhí sna seascaidí. Beidh rabhaidh sláinte ag dul le fógraí beorach is araile, dála fógraí na dtoitiní inniu.

Beidh leigheas ar aille is ar S.E.I.F. ach de thairbhe costais beidh na milliúin daoine ins an afrac ach go háirithe ag fáil bháis de S.E.I.F. go fóill. Beidh eolas ar an ghineolaíocht agus ar innealtoireacht gineolaíochta chomh fada sin chun tosaigh gur beag paiste a thiocfas ar ar tsaoil le haicidí mar Sindróim Downes agus Huntingdons.

Ag siúl lámh ar lámh le suim níos ginearálta sa dúlra agus i ngach cineál planda is ainmhí beidh níos mó measa ar fhéiniúlacht gach grúpa eithneach ar leith, a dteanga is a gcultúr agus sin ceann de na rudáí a chuideoidh leis an Ghaeilge agus le hÉirinn sna nochaidí, slán beo go raibh muid!



Ceausescu ar shiúl roimh thús na nochaidí.



Craoltóirí nó cinsirí?

"Ba é an rud deireannach a bhí de dhith ar na polaiteoirí," arsa Dónall O Moráin a bhí ina chathaoirleach ar Údarás RTÉ a briseadh as 'sárú' a dhéanamh ar Alt 31, "ná clúdach ó lá go lá ar an fhoréigean sa Tuisceart ar an bhonn go mb'fhéidir go n-imeodh sé mur mbeadh sé le feiceáil ar an teilifís!"

Deir Alt 31 den Acht Crolta (1960) sna 26 Chontae: **"The Minister may direct the (RTE) Authority in writing to refrain from broadcasting any particular matter or matter of any particular class and the Authority shall comply with that direction."** I mí Dheireadh Fómhair 1971 ghlac an tAire Poist agus Teileagraif, Gerry Collins, an chumhacht chuige féin faoi Alt 31 le hordú a éisiúint chuig RTÉ gan aon ní a chraoladh a mholann baint amach aon cuspóra le "foireigean". Labhair craoltóirí RTÉ amach go láidir in aghaidh an orduithe. Dúirt an

I mí Eanáir 1990 rinneadh Alt 31 den Acht Craolachain - a choscann Sinn Féin o na haerthonnta - a athnu-
achan.

Dearcann Mairtín O Muilleoir, comhairleoir de chuid Sinn Féin i mBeal Feirste agus ball den NUJ, ar chulra an ailt.

Stiúrthóir Ginearalta: **"One cannot have a self-governed people without having a fully informed people, free to know, discuss and to draw their information from the media which are themselves free to report."**

Ach ní tháinig cúrsaí go cnámh na hullúna go dtí mí na Samhna 1972 le cás Chaolmhín Uí Cheallaigh. Chraol an Ceallach, a bhí ina eagarthóir gné-ailt in RTÉ, acoimre ar agallamh a rinneadh le fear a mhaigh gurbh é Príomh.cheann Foirne an IRA é. Gabhadh Seán Mac Stíofáin - a thug an t-agallamh - go díreach i ndiaidh an agallaimh agus sa chás cúirte a lean gearradh sé mhí príosúntachta air as siocair ballraíocht san IRA. Gearradh trí mhí príosúntachta fosta ar Chaolmhín Ó Ceallaigh nuair a dhiúltaigh sé an guth ar an téip a ainmniú.

D'iarr Rialtas Fhianna Fáil ar Údarás RTÉ na leabhair a thabhairt don Cheallach agus nuair a dhiúltaigh naonúr ball an Údaráis, faoi chathaoirleacht Dhónaill Uí Mhóráin, don éileamh tugadh bata is bóthar dóibh. Mhaigh an Taoiseach, Jack Lynch, gur "exerise in

democracy" a bhí san eachtra iomlán.

Nuair a tháinig Comhrialtas Fhine Gael/An Lucht Oibre i gcumhacht i 1973 ceapadh **Conor Cruise O'Brien** mar Aire Poist agus Teileagraif. Chinn O'Brien (a dúirt agus é sa fhreasúra **"In any modern democracy the autonomy of radio and television is as vital as the freedom of the press and of parliament"**) ar Alt 31 a threisiú. Leasaigh sé an tAlt gur choisc sé grúpaí ainmnithe, ina measc Sinn Féin agus aon grúpa a bhí mídhleathach ó thuaidh - gníomh aisteach do rialtas a mhaigh seilbh ar an chuid sin den tír a bhí **"i seilbh méirleach"**. Coscadh aon caint bheo ó urlabhraithe na ngrúpaí a bhí ainmnithe ach ceadadh tuairisc ar a gcuid ráitéisí. Rinneadh ordú seasta den Alt i 1977 agus athnuadh é i mí Eanáir gach bliain ó shin.


Leachnaíodh téarmaí an Ailt i 1982 nuair a diúltaíodh cead do Shinn Féin craoladh páirtí polaitiúil a bheith acu. D'éirigh le cás san Ard Chuir in éadan an leathnuithe sin ach sa deireadh rialaigh an Chúirt Uachtarach i bhfábhar an stáit. Le linn toghchán Feabhra 1982 chaith an rialtas amach iarratas ó RTE go ligfí dóibh an cosc a chur ar fionraí le linn an fheachtais toghchanaíochta. Rinneadh an t-iarratas céanna athuair le linn toghchán Westminster sa tuisceart i 1983 ach an t-am seo nuair a diúltaíodh aon leasú fiú geárr-threimhseach a dhéanamh sa dlí d'fhógair na hiriseoirí nach ndéanadh siad agallaimh le duine ar bith dena hiarrthóirí. Mhair a n-ágóid in aghaidh **"cinsireacht an stáit"** (téarma an NUJ fein) seachtain.

Maíonn Wesley Boyd, Ceann na Nuachta in RTE, "go bhfuil formhór mór na n-iriseoirí in RTE in eadan na cinsireachta polaitiúil, go háirithe nuair ata sí á cur i bhfeidhm ar dhaoine a bhfuil 'mandate' acu on phobal." Ach cé go raibh iriseoirí RTE sásta Alt 31 a cháineadh chuir siad bac ar aon agóidí éifeachtacha. I 1985, mar shampla, labhair Athair an tSeipéil in RTE in éadan aon feachtas in aghaidh Alt 31 a bhainfeadh úsáid as "gníomhaíocht tionsclaíoch."

De reir mar cuireadh na blianta isteach d'fhás fréamhacha na cinsireachta in RTE agus tháinig ar an saol 'cultúr na cinsireachta'. Aon léiritheoir a thóg ceist fá Alt 31 bogadh ar leataoibh é. Seachnaíodh ceisteanna achrannacha a shíolraigh ó thrioblóidí an tuaiscirt. Bhí iriseoirí RTE díomhaoin nuair a bhí a gcomhleacaithe i Sasana ag déanamh cláir chonspóideacha fá chéasadh sa Chaisleán Riabhach, cásanna Seisear Birmingham agus Ceathrar Guildford, scéal na maruithe scaoil-le-maru agus maruithe Ghiobraltar. Agus, ar ndóigh, níorbh é RTE ach an Irish Times a nocht gníomharthaí an Díorma Chrúa taobh istigh dena Gardaí sna seachtóidí. De réir **Eamon McCann**, iriseoir agus údar **War in an Irish Town**, bhí seasamh iriseoirí RTE a bhí ag plé leis an tuisceart dochreidte. **"B'ionann an cas is scéal an Mheán-Oirthir a chlúdach gan tagairt a dhéanamh d'éileamh na bPailistíneach ar thír dhúchais a bheith acu."** Níorbh chomtharlú é sna blianta céanna go raibh lucht na Gaeilge ag cáineadh RTE as gan ach 2% de chláir RTE a bheith sa chéad

teanga, polasaí a d'eascair fosta as dearcadh frithnáisiúnta an stáisiúin.

Ba liosta le lua na hócáidí inar cuireadh suntas sa dóigh ar feidhmhíodh Alt 31 agus an chinsireacht a chothaigh sé. I mBealtaine 1976 gearradh agallamh a thug saineolaí ón London Institue of Strategic Studies nuair a dúirt se, i gcomhthéacs Rhodesia, **"after all guerilla movements always win in the end."**




Thuas: **Dónall Ó Moráin** agus **Eamonn McCann**.

An bhliain chéanna cuireadh an oiread sin constaicí sa chasán ag beartas Féach le clár a dhéanamh fa Ard Fheis Shinn Féin gur éiríodh as an phlean. Ar chlár raidió **Marian Finucane, Liveline**, stopadh agallamh le fear a bhí ag déanamh fíon as muisirlíun nuair a dúirt sé gur ball de Shinn Féin a bhí ann.

Nuair a toghadh **Owen Carron** mar Fheisire do Fhéar Manach-Tír Eoghain Theas i 1981 - mar chomharba ar Bobby Sands labhraíodh leis na hiarrthóirí uilig ach é. Arís bhí anailís RTE ar an stailc ocrais chomh lochtach sin gurbh éigean do **Joe Mulholland**, eagarthóir **Today Tonight** admháil i ndiaidh básanna na stailceoirí ocrais go raibh sé mícheart. Ba é an tuairisciú lochtach céanna a b'údar don iontas a bhí ar phobal na 26 Chontae nuair a thosaigh Sinn Féin ag déanamh dul chun cinn polaitiúil ó thuaidh. Cad é mar d'fhéadfadh a mhalairt a bheith fíor nuair a bhí ar iriseoirí RTE - mar a d'admhaigh tuairisceoir amhain le **Deaglan de Breadun** ón Irish Times - an gháir a chuir an pobal in lathar Bhéal Feirste suas nuair a toghadh Gerry Adams a chéisc de bhrí go raibh siad ag béicfí **"Up Sinn Féin"**.

Ní tháinig na hamhráin slán ó na cinsirí ach an oiread. Coscadh amhrán John Lennon fá Dhomhnach na Fola agus cé gur bhain The Men Behind the Wire - amhrán fan bhraighdeanas - bárr na gcairteanna amach níor chualthas ariamh ar RTE é.

I 1988 rinne Gemme Hussey TD gearán láidir le RTE fá chuid dena ceisteanna a chuir an lucht féachana le linn **Questions and Answers** - clár beo ina bhfreagraíonn polaiteoirí ceisteanna ón lucht féachana sa stiúideo. Mar thoradh ar an chasaid coscadh dáileadh ticéad don seó ar an phobal agus ina áit tugadh na ticéid do na páirtithe polaitiúla (Sinn Féin as an áireamh) le rannadh ar lucht a dtacaíochta. Arsa eagarthóir an chláir, **Peter Feeney**: **"The expression of strong nationalist views is**



no longer acceptable to people."

I Márta na bliana sin bhain údaráis RTÉ clár fan phobal phoblachtach i Meiriceá den aer de bhrí go raibh agallaimh ann le baill Noraid.

Ach is éigean a rá nach raibh gach duine ó dheas sásta súil a chaochú leis an chinsireacht, go háirithe nuair a thosaigh fása theacht faoi Shinn Féin sna hochtóidí dh'ainneoin RTÉ go fóill a bheith ag cur agallaimh ar leithéidí Austin Currie le meon an phobail phoblachtaigh i bhFéar Manach a mhíniu. (Nios measa fós bhí Raidió na Gaeltachta ag cur agallaimh ar Ard Rúnaí an SDLP, Patsy McGlone, fá pholasaithe Ghaeilge Shinn Féin agus an 'hijackáil' barbartha a bhi déanta ag an pháirtí ar an Ghaeilge bhocht!) I measc na ndaoine sin a labhair amach i bhfábhar an repeal Section 31 Committee bhi Christy Moore, Kader Asmal, Tim Pat Coogan, Joe Costelloe, Michael D. Higgins, Lord Henry Mountcharles agus Cairdinéal Ó Fiaich - agus fiú Gay Byrne nár dhúirt gur mhaith leis a bheith ábaita agallamh a chur ar Gerry Adams.

Lena chois dhearbhaigh an pobal i sraith de phobalbhreitheanna nach raibh móránh ar son an ghobáin a bheith ar urlabhraithe náisiúnaithe an tuaiscirt. I suirbhé cuimsitheach a rinne beirt taighdeoir as an National Institute of Higher Education ag Glas Naíonán i 1987 bhí morlucht mhuintir Bhaile Átha Cliath in aghaidh an Achta.

Go minic chuir na saoiistí in RTÉ leis an chinsireacht oifigiúil. Nuair a shiúil roinnt teachtaí amach as Ard Fheis Shinn Féin i 1986 gur bhunaigh siad Sinn Féin Poblachtach chinn

Ard Stiurthoir RTÉ, Vincent Finn, ar iad a choisí fiú sular éisigh an tAire ordú (a éisíodh ina dhiaidh sin). In admháil iontach dúirt Wesley Boyd gurbe polasaí s'aige an chinsireacht a leathnú oiread agus a b'fhéidir. "(We) feel not inclined to try and stretch the limitations as far as possible because we want to show up the absurdity of an order which does not even allow us to interview a member of Sinn Féin on rose growing or wine."

Ba go laghchroitheach a sheas iriseoirí RTÉ in aghaidh an Ailt cé go raibh leitheidí **Gene Kerrigan**, duine dena hiriseoirí is mó measa sa tír ag cur síos ar an chosc mar shéanadh cearta ar an phobal uile. **"The major effect of Section 31," ar seisean, "has been the distortion of reality by TV and radio news, from which most people get their information about the north. The ban on interviews with members of Sinn Féin is a minor part of the censorship. The prime right infringed is the right of the public to free and truthful reporting."**

Ach, go hiorónach, ba é seasamh iriseoirí an BBC in aghaidh na cinsireachta díri a spreag craoltoirí RTÉ leis an agóid is treise i stair Alt 31 a dhéanamh. I Lúnasa 1985 ghéill gobharnóirí an BBC do bhrú ó rialtas Thatcher gur chuir siad ar call clár sa tsraith **Real Lives** fá **Martin McGuinness** ó Shinn Féin agus **Gregory Campbell** on DUP de bhrí gur chuir sé cuma éirimiúil ar McGuinness agus cuma an bhómáin ar Campbell.

D'fhreagair iriseoirí an BBC an bogadh sin le stailc 24 uair a chloig. Seachtain i ndiaidh na stailce sin shocair údaráis RTÉ ar Alt 31 a lúbadh le ceannaire NOROID, Martin Galvin, a chois. Cé go raibh an tUasal Galvin i gcroí-lár na nuachta sa tuaisceart ag an am toirmeascadh ar na tuairisceoirí labhairt leis ar aon clár raidió. Ghairm iriseoirí RTÉ stailc lae mar agóid agus tiontaíodh an spotsholas ar feadh achair ghearr ar chinsireacht oifigiúil an stáit. Aontaíodh gur sampla iriseoirí na Breataine a ba chúis le dearcadh nua radaiceach an cheardchumainn in RTÉ. Arsa iriseoir amháin: **"Is cinnte nach dtarlódh sé ar chor ar bith mur bé gur náirigh an BBC sin."**

Phill an hiriseoirí ar a bpolasaí nós cuma liom in aicearracht. Nuair a coscadh **Nell McCafferty** ó RTE i Samhain 1987 bhí iriseoirí an stáislúin ina mbéal gan smld. I Márta 1988 cuireadh an t-iriseoir Jennie McGeever ar fionraí as siocair tuairisc a rinne sí ar thabhairt coirp triúr Ghiobraltár abhaile. Cloiseadh guth **Martin McGuinness** ar an taifead a craoladh ar an chlár raidió **Morning Ireland**. Arís nior tógadh guth amháin i Montrose in aghaidh an chinnidh. Nuair a sheas mé féin do fho-thoghchán do Chomhairle Bhéal Feirste i nDeireadh Fómhair 1987 scríobh me chuig seipéal an NUJ in RTÉ ag iarraidh orthu baghcat a dheanamh ar na hiarrthoirí uile don toghchán ó tharla go raibh comhghleacai ceardchumainn a chois. Ní bhfuarthas freagra ar an litir. Ag comhdháil an NUJ i nGlasgow i 1989 labhair iriseoirí RTÉ go fíochmhar in aghaidh rúin a bhéarfadh cead cainte domh mar aoíchainteoir. Bhí

siad in éadan fosta rún a mhol gníomhaíocht chinnte in aghaidh na gcoscanna cainte.

Chuir mór-phairithe uile na 26 Chontae an chinsireacht i bhfeidhm go fonnmhar cé gur athruigh dearcadh an Pháirtí Phoblactaigh, Fianna Fáil, nuair a bhí siad as oifig. Agus é sa fhreasúra mhaigh **Charles Haughey** gur coir "**fullest possible access to the public media**" a bheith ag ionadaithe tofa. Ach choinnigh se Alt 31 in aith. Mhinigh se an U-chasadh aisteach seo roimh ollthoghchán 1989 nuair a dúirt se go bhfuair se eolas o na forsaí slandala agus e in oifig a thug air gan an tAlt a leasu.

D'fhan idir iriseoirí agus páirtithe polaitiúla ó dheas go daingean ar son Alt 31 dh'ainneoin tuarascála údarásaí a d'fhoilsigh an International Federation of Journalists i 1987. De reir na tuarascála ní raibh macasamhail Alt 31 le fáil san Eoraip. Arsa na hudaí:

"Irish radio and television are subjected to clearcut political censorship and the defence for exercising that censorship.....does not stand close scrutiny... We agree completely with Irish colleagues who pointed out that the most dangerous effect of the present Section 31 practise is the creation of a general climate in which restrictions on the media are accepted and defended. In such a climate it becomes far too easy to introduce new restrictions, to 'solve' political problems by shutting up people instead of addressing the real problems."

Indiaidh teacht isteach Fógra Hurd i Sasana i nDeireadh Fómhair 1989 bhisigh an feachtas in aghaidh na cinsireachta sna Sé Chontae Fíchead. I gcomhar lena gcomradaithe sa Bhreatain - agus leis an Federated Workers' Union of Ireland - thionscnaigh iriseoirí RTE dúshlán dlíthiúil in aghaidh Alt 31. Tá an cás le dul roimh an Choimisiún Eorpach um Cearta Daonna le bheith scrúdaithe agus má cheapann an Coimisiún go bhfuil sé láidir go leor rachaidh se ar aghaidh ansin chuig na Cúirteanna Eorpacha. Níltheag ag dúil le breith ar an aighneas roimh dheireadh 1990.

Is é an t-iriseoir aitheanta le Raidió na Gaeltachta agus ball d'Udarás na Gaeltachta, **Seosamh O Cuaig**, duine dena finnéithe don NUJ. Tuairiscítear gur theip ar an NUJ ar tús theacht ar iriseoir le RTE i mBaile Átha Cliath a bhí sásta an fód a sheasamh ar son an cheardchumainn. Ag caint le **Journalist**, nuachtán an NUJ dúirt an tUasal Ó Cuaig gur chuir Alt 31 isteach ar sheirbhís Raidió na Gaeltachta. Nuair a bhí iarrbhall de Shinn Féin, **Frank Glynn**, ina chathaoirleach ar Bhárdas na Gaillimhe reachtáil an chomhairle cruinniú i nGaeilge i nGaeltacht Chonamara - ach coscadh ar an stáisiún labhairt leis an chathaoirleach.

Lean craoltóirí eile eiseamláir Uí Chuaig. Faoi lathair tá tuairm's ar 20 finné ag abhcóidí an NUJ, ina measc **Wesley Boyd** agus **Pat Kenny**.


Ní beag an troid atá roimh iriseoirí RTE a sheasann in éadan na cinsireachta nó tá an meon frith-náisiúnta is frith-Ghaelach go smior sa stáisiún. Is é "gurú" na hídolaíochta frith-phoblactaí na Eoghan Harris, léiritheoir le RTE

agus comhairleoir príobháideach de chuid Pháirtí na nOibrithe. I bpaimfléad dár teideal 'Television and Terrorism' a scríobh sé i Samhain 1987 (agus é ina eagarthóir ar **Cúrsaí**) mhol sé feachtas a ruaigfeadh na 'Hush Puppy Provos' as RTÉ. Bunaíodh an paimfléad ar sraith léachtaí a thug Harris d'iriseoirí óga agus mhaigh se faoin teideal '**Never mind the truth give me the facts**' gur cóir an sean-nath iriseoireachta '**facts are sacred comment is free**' a chur bunoscinn. Ar seisean, agus é ag moladh do chraoltóirí a bheith ina "**scealaithe**":

"The public want the reporter to cry and get angry like any parent and say: people who can do this are the scum of the earth, and I find it impossible to say anything here, and so on your behalf I am now going to go around and say I am sorry since I come from the South, and they are doing this in the name of a united Ireland..... Broadcasters are storytellers. Getting the facts right is the least of their duties....Let me tell you. Facts are whores. To be used by whoever bought them."

Ba é babhún deireannach cosantóirí Alt 31 ná ceist an fhoréigean. Dá mbeadh urlabhraithe SF sásta an foréigean a shéanadh ligfí dóibh labhairt ar na haerthonnta, a dúirt siad. Ag freagairt an dearcadh sin dúirt Gerry Adams:

"I have no problem with renouncing violence, but the same argument must go for all the others, there is also the violence against the Republicans. Repression of Republicans is apparently not considered violence by the Irish establishment. We defend the right of the IRA to use political force. Others advocate that people join the RUC which is much better armed and more numerous than the IRA will ever be. The difference is not the attitude to violence, the difference between us and the other political elements is that we support an anti-establishment force." (Tuarascáil International Federation of Journalists.)



An tAthair Des Wilson.

Tuarann an sagart pobail Des Wilson nach mbeidh de dhíth ach "deichniúr iriseoir cróga" a bheadh sásta seasamh suas agus a rá "ní oibreolimid Alt 31." Is fada cosmhuintir na Sé Chontae ag fanacht leis an tuar a theacht fán tairngreacht áirithe sin.

Ealaíontóir eiseamláireach

Labhraíonn Donncha Mac Urtáin le dealbhóir dúshlá-nach as Dolre.

Deirtear go minic go dtéann ealaíon nua-aoiseach thar cheann Tadhg an Mhargaigh de dheasca a chastachta is atá na foirmneacha a úsáideann an t-ealaíontóir. Is fíor sin de ghnáth. Bheadh an scéal amhlaidh le saothar Lochlainn Mhic Mhuiris mur é an tuiscint is an cleachtadh atá ag an mhuintir náisiúnta ar chiapadh an stáit. Tuigeann siad radharc na nathrach atá ar taispeáint ar bhalla i Lárionad Pobal Pilot's Row: nathair nimhe ag sníomh a bealaigh fríd sráid i nDoire agus i lár an choirp seo tá dhá chónra faoi léigear ag sípeanna de chuid an RUC. Baineann bunús shaothar Locky le heachtraí den chineál sin.

Rugadh agus tógadh an Lochlainn i nDoire Cholm Cille mar a bhfuair sé a chuid oideachais go dtí gur ghluais sé go Manchuin chun an dliaóg mhullaigh a chur ar a staidéar i gColaiste na hEalaíne ansin. Cúrsa dealbhóireachta a rinne sé ach ní ábhar somhunlaithé a bhí ins an ealaíontóir óg, áfach, do stiúrthóirí an chúrsa a bhruchtfadh amach ealaíontóir maith déanta gan spíoad cruthaitheach. Tamall taréis dó críochnú chuaigh sé isteach i 'Frontline': grúpa a bunaíodh le cabhair a thabhairt do dhéagóirí éalo ó leatrom lár-cathrach tré muinín agus meas a chothú iontu féin arís.

Léirigh na hógánaigh drámaí ag cur a dteachtaireachtaí féin chun tosaigh. Mhéadaigh suim Locky sa sóisialachas agus go dtí inniu diúltáíonn sé píosa ar bith dá shaothar a dhíol le bailitheoirí a chuireann spéis ann mar chreideann sé go mbeadh díluacháil déanta aige ar na fírinne a nochtann a shaothar.

I 1985 phill Lochlainn Mac Muiris ar Dhoire in éineacht le scaifte as 'Frontline' le sraith de dhramaí a léiriú ar chamchuairt na hEireann. Thuill na dramaí céanna ardmholadh agus aithníodh 'Frontline' mar ghrupa ealaíonta éirimiúil. Agus an turas thart níor phill Locky go Sasana leis an fhoireann an iarraidh seo. Dar leis narbh ghá dó baint faoi i Manchuin le brúidiúlacht an stáit a fheiceáil. Bhí sí thart fá dtaobh de ina áit

dhúchais gach noiméad den lá.

Feictear a shliocht sin ina chuid dealbh a scáthaíonn cos ar bolg fórsaí na corónach in éadan na muintire náisiúnaí. Breathnaigh 'Creggan Nightlife' a thaispeánann gnathshaol an cheantair, nó ceantar náisiúnach ar bith, san oíche le heiléacaptair de chuid Arm na Breataine ar foluain de shíor os a chionn. Cuireann sé féin síos air mar "tromluí páiste". Arís eile féach ar 'Town', a léiríonn bailte na Sé



Chontae faoi leigear ag uileláithreadcht Sheain Bhui.

Ghnóthaigh a chuid dealbh ardghradaim do Locky, ar nós Duais Guinness don dealbhóir is fearr i 1986. Meán Locky gach gné dá shaothar go coinsiasach sula nochtann sé don domhan mhór é. Roghaíonn sé an t-amhábh go cúramach sa dóigh is go mbaianeann sé go díreach leis an dealbh dhéanta. I gcás 'Creggan Nightlife' bhailigh sé cipíní líreacán, lasaín chaite, blocanna togála dá dhéanamh as siocair gur chuimhneach leis é féin ina ghasúr ag súgradh leo agus fuaim thuargaineach na heileácaptar os a chionn á scanrú. Cheannódh a lán daoine leis an smaoineamh seo, deir sé, de thairbhe an ábhair a chuaigh isteach ann.

Is tábhacht leis frisin laithreán a dtaispeáinte. Ní mheasann sé go nochtann a chuid a rúin agus iad lasmuigh den phobal arb é a scéal féin teachtaireacht na deilbhe. Is tábhachtaí arís leis an lucht féachana a mheallann a shaothar. Ní bhreathnaíonn sé air féin mar dhuine den aicme ealaíontá ach mar aonarachan ina phobal féin, ag obair dóibh, ag saothrú ar a son. Is cuid den choimhlint iad na dealbha a d'eascair as cultúr na streachailte. Faoi mar atá na healaíona ina chuid dílis de reabhlóid Nicearagua ba mhaith leis go mbeadh níos mó úsáide bainte astu abhus. Ar seisean: "Tá neamart déanta ag Poblachtánaigh ina leith agus á dhéanamh sin dóibh níl siad ag tapú na deise taispeáint don Saol Fódla an tréith thábhachtach seo den mhianach chruthaitheach i saol ár bpobail."

Tá Lochlainn ag cumadh leis

go fóill ach is mó an t-am a chaitheann sé anois ar chumadh amhrán na munlú dealbh. Níl athrú tagtha ar an phort ámh. Deir sé gur toise í, cumadh bailéad, den choincheap chéanna a scaipeann bolscaireacht an thrithimpiriúlachais thar chríocha na tíre. Beidh le feiceáil má éiríonn leis ina ghairm nua chomh maith is a d'éirigh leis i ngairm na dealbhóireachta. Eiseamláir is ea é do gach ealaíontoir nach gá cloí leis an chóras. Más maith do shaothar níl a sheánadh acu.

Pictiúirí: Ar an leathanach eile, ionsaí ar Land Rover de chuid an RUC i nDoire. Nuair a bhí Arasáin Rossville a leagan caitheadh oigheann sa mhullach ar ship RUC. Thíos, 'Cortege', tórramh Poblachtach i nDoire Cholm Cille, saothar atá ar taispeáint i Lárionad Pobail Pilot's Row sa chathair.



Dóchas don Ghaeilge?

Ní hé Sinn Féin dóchas mór na Gaeilge. Is ar lucht na Gaeilge, oic, maith nó dona a bíodh siad, a bhfuil cúis na Gaeilge ag brath agus ní ar Ghluaiseacht na Poblachta.

An dóchas is mó don Ghaeilge ná go bhféiscfidh brúghrúpa nemhspleách a mbeidh leagan amach nua aimseartha air, as na tionscnaimh nua Gaelacha atá á bhforbairt thuaidh is theas. Cúis na Gaeilge a bheadh mar chláir oibre iomlán ag a leithéid agus ní mar ghné dá chláir oibre.

Ní mór mar sin bheith réadúil faoin mhéid a dtiocfadh is nach dtiocfadh le Sinn Féin déanamh don teanga. Tá dhá ról aige san athbheochan, d'fhéadfadh leis stádas na Gaeilge a neartú i Sinn Féin, agus thiocfadh leis tacú le tionscnaimh Ghaelacha sa tsochaí.

Den dá ról, is tábhachtaí agus is deacra Gaelú Shinn Féin. Fhad is go bhfuil líon na nGael sa tsochaí beag beidh líon na nGael i Sinn Féin beag. Go dtí ndéantar gnéithe éagsúla den tsochaí a Ghaelú, Béarlóirí a bheas i dtromlach na mball de Shinn Féin.

Ach tá Gaeil istigh ann agus má tá ciall ar bith le bheith leis an fhocal dátheangachas caithfear polasaí dátheangach, le spriocanna réadúla is fiúntacha, a thionscnamh. Ní mór buiséad is áiseanna a sholáthar. Caithfear toradh bheith le feiceáil ar an pholasaí sin.

Córas aistriúcháin, páipéarachas dátheangach, slógthaí, dianchúrsaí Gaeilge, foilseacháin dátheangacha, srl. Tógann siad sin uilig airgead, am, fuinneamh is deathoil.

Ní obair Roinn Cultúir amháin í sin. Cleas a imríodh go minic in eagraíochtaí náisiúnacha ná obair na Gaeilge a fhágáil faoi dhornán díograiseoir, gan tabhairt ar Bhéarlóirí s'acusan a cheistiú nó a leasú.

Mura dtuigtear an tábhacht leis an sracadh in aghaidh impiriúlachas cultúir, mura bhfeictear gur reabhlóid radacach í athréimiú na teanga, tá Aisling na Saoirse atá ag Sinn Féin easnamhach.

Creidim go dtuigeann Gearóid Mac Adaim tábhacht na Gaeilge. Tá bunús na mball den pháirtí báuil leis an teanga. Agus tá Gaeil i Sinn Féin nach bhfuil á sárú le fáil.

Naimhdeach

Tá daoine ann fosta atá ar nós cuma liom faoin Ghaeilge nó naimhdeach aici. Mura dtógann Gaeil Shinn Féin seasamh láidir, má ligtear do dhaoine bac a chur ar chur chun tosaigh na teanga sa pháirtí, caillfidh Sinn Féin an fhaill seo chun gníomh spreagúil a dhéanamh don teanga, agus cruthú go bhfuil sé dáiríre faoin Ghaeilge.



Is iriseoir aitheanta é Eoghan O Néill a oilbríonn don nuachtán Gaeilge, Lá, agus a scríobhann colún seachtainiúil don Andersonstown News i mBéal Feirste.

Maidir le tacaíocht Shinn Féin do thionscnaimh Ghaelacha, tugtar sin go minic. Sna 1980í, mar aisfhreagra ar vóta Shinn Féin, shocraigh Rialtas Shasana rudaí áirithe a ghéilleadh do Ghaeil ar eagla go mbrúfadh a neamhiontas den teanga náisiúnach measartha i dtreo na bPoblachtach. Fhad is go leanann an iomaíocht seo 'do chroíthe is meonta na náisiúnach', thiocfadh le Sinn Féin, trí bheith gníomhach ar cheistanna Ghaeilge áirithe, tabhairt ar na húdaráis agus ar pháirtithe eile seasamh a thógáil faoin teanga.



An nuachtán Lá: "Is ar lucht na Gaeilge a bhfuil cúis na Gaeilge ag brath."

Mar fhocal scoilr, tá címí ag teacht amach as na príosúin go rialta, scoth na Gaeilge agus is bá acu don teanga. Ba náire mura mbainfí úsáid iomlán astu chun stádas na Gaeilge i Sinn Féin a neartú.

SAN ALT seo tá cur síos ar chuid de na him-eachtaí is suntasaí dár thit amach i saol na Gaeilge le tamaillín anuas. Is comhartha iad na blúirí nuachta seo den bhorradh atá faoi chúrsaí na teanga ar fud na tíre. Más maith leat go ndéanfaí tuairisc amach anseo ar aon iracht i do cheantar féin seol an t-eolas chuig SAOIRSE.

Súil thart

Ceannródaí

Gaeltachta ag

moladh Teilifís an

Tuaiscirt



■ Seosamh Ó Cuaig.

Culreath tús le feachtas bríomhar ar son stáisiún teilifíse Ghaeilge sna Sé Chontae ag cruinniú polbóil i mBéal Feirste i mí Eanáir 1990 nuair a labhair Seosamh Ó Cuaig, ball neamhspleách d'Udarás na Gaeltachta, ar an ghá le Teilifís na Gaeltachta.

Ba é an nuachtán Lá a d'eagraigh an cruinniú agus, dar le Gearóid Ó Caireallín, bunaitheoir an pháipéir, ní fiú feasta do Ghaeil an tuaiscirt a bheith ag éileamh cláir teilifíse ón BBC agus UTV - go háirithe ó d'fhógair Margaret Thatcher ar na mallabha go raibh £8m á bhronnadh ar stáisiún teilifíse na hAlban le stáisiún nua Gaidhlighe a chur sa tsiúl. "Stáisiún teilifíse an t-aon dóigh chun seirbhíse a fháil do lucht mionteanga. Níl an dara rogha ann. Ná bímis ag iarraidh cláir Ghaeilge ó BBC agus UTV a thuilleadh. Cul de sac atá ann."

Dúirt Seosamh Ó Cuaig go mbeadh carachtar agus ionannas ag stáisiún teilifíse Gaeltachta nach mbeadh ag roinnt clár Gaeilge taobh istigh de stáisiún Béarla. "Teastáilonn seirbhíse teilifíse go géar sa Ghaeltacht. Tháinig Raidió na Gaeltachta 20 bliain ró-mhall le meath na nGaeltachtaí a stad ach tá súil agam nach mbeidh orainn fanacht 20 bliain eile sula bhfaigheann muid Teilifís na Gaeltachta."

Ag tús mhí Eanáir fosta tháinig an raidió Gaeilge, Raidió Fáilte arais ar an aer i mBéal Feirste. Anuraidh dhiúltaigh an IBA ceadúnas a thabhairt don stáisiún Gaeilge ach tá geallta anois ag an dream a fuair an ceadúnas, Belfast Community Radio, go mbeidh siadsan ag soláthar uair a choilge Gaeilge sa lá, nuair a thiofais siad ar an aer.

Gaeil Mheiriceá ag léiriú suime san athbheochan

Bhí an 't-ambasadóir' is mó clú i measc Ghaeil Mheiriceá, an Dr Eoin Mac Thiarnáin, i mBéal Feirste ar na mallabha ag bailiú eolais faoi athbheochan na Gaeilge ó thuaidh.

Co-bhunaitheoir (i gcomh-pháirt lena bhean chéile Jeannette O'Callaghan-McKiernan) den Irish American Cultural Institute atá san ollamh le Béarla a rugadh i Nua Eabhrac. Tá na céadtaí scéim curtha sa tsiúl aige thar na blianta le cultúr agus saol na hÉireann a chur chun cinn sna Stáit Aontaithe.

Ar a chamchuairt i mBéal Feirste bhuaill an tUasal Mac Thiarnáin le baill sinsearach a ó na grúpaí Gaeilge sa chathair. Taispeánadh oifigí LA dó fosta agus cuireadh fáilte roimhe ag Scoil Phobal Feirste agus ag Naíonra na Fuiseoige - naíonra Gaelach atá á thógáil i gCill Uaighe.

Arsa an Dr Mac Thiarnáin: "Tá meas as cuimse agam ar na scéimeanna a chonaic mé. Sáraíonn sé rud ar bith dá bhfaca mé i mBaile Átha Cliath agus tabhrann sé spreagadh mór spioraid dom."

Bunlodh an Irish American Cultural Institute i 1964 mar fhreagra ar an "shamrockery" atá go forleathan sna Stáit, a deir an Dr Mac Thiarnáin. Is é príomhaidhm an eagrais ná eolas beacht faoin tír a scaipeadh. Éire-Ireland atá ar raitheachán 160 leathanach a fhoilsíonn an Institiúid. Scaiptear cóipeanna den iris cháiliúil tríd an domhan agus foilsítear ar pháipéar a mhairfidh 200 bliain i. "Gheobhaidh tú cóip de Éire-Ireland i leabharlanna sa tSeapáin nó sa tSualainn nach bhfuil leabhar Éireannach amháin iontu", arsa an Dr Mac Thiarnáin.

Tá Gaeilgeoirí Bhéal Feirste dóchasach go gcuirfidh an Institiúid scéim ar leith ar bun amach anseo le cuidiú le cás na Gaeilge ó thuaidh. Arsa Feilim Ó hAdhmaí, ball den Chomhairle Um Oideachais Gaeilge, a thug an cuireadh don Uasal Mac Thiarnáin theacht go Béal Feirste: "Is fear é ar féidir leis a lán doirse a oscailt dúinn. Tá súil againn go ndeachaigh gach rud dá bhfaca sé i bhfeidhm air agus go mbeidh sé ag machnamh ar ár gcás nuair a phillfidh sé abhaile."



■ An Dr. Eoin McKiernan.

"Ligigí dár dteanga"

Ligigí dár dteanga an mana a bhí ag Gaeil Bhéal Feirste agus iad ag eagrú feachtais in aghaidh moltaí an Aire Oideachais ó thuaidh, Brian Mawhinney, don Ghaeilge sa chóras oideachais.

Ar Lá na Féile Pádraig i mBéal Feirste d'eagraigh Glór na nGael mórshiúl agóide in éadan na moltaí a chiallódh céim síos don Ghaeilge agus labhair an díograiseoir Breatnach, Ffired Ffransis ag cruinniú poiblí ina dhiaidh.

Mar thoradh ar an bhrú oll-mhór a cuireadh ar an Aire maolaídh na moltaí sin a bhain leis an Ghaeilge agus pilleadh ar an status quo a bhíodh ann sna meánscoileanna sular cuireadh plean nua Mawhinney chun tosaigh. Mar sin féin tá ráite ag múinteoirí Ghaeilge sa tuaisceart go mbrúfar an teanga leataoibh, sna bunscoileanna ach go háirithe, de bhrí go gcuirfear an-bhéim as seo amach ar scrúdaithe.

Dul chun cinn áitiúil

Tá an dul chun cinn a rinneadh i gcúrsaí Gaeilge ó chuaigh Sinn Féin isteach san údarás áitiúil i 1985 faoi ionsaí binibeach ó na hAondachtóirí. I bhFéar Manach áit ar bhuaigh na dílseoirí móramh i mí na Bealtaine 1989, moladh rún go gcosfaí an Ghaeilge ó gach gné d'obair na Comhairle. Ach tarraingíodh an rún siar nuair a mhínigh Cléireach na Comhairle go mbeadh air fuinneog dhaithe in onóir na Royal Rangers a bhaint anuas as foirgneamh na Comhairle as siocair focail Ghaeilge a bheith greanta uirthi.

Sa tSraith Bán scríosadh comharthaí fáilte a chroch an Chomhairle ar imeall an bhaile de thairbhe go raibh na focail 'fáilte' agus 'slan go fóill' orthu.

Ach tá dian-obair sa tsiúl fós san Omaigh agus san lúr, áit a bhfuil bunscoil Ghaelach i ndiaidh a bheith bunaithe le cuidiú Fo-choiste Ghaeilge na comhairle. San lúr fosta foilsíodh dialann agus féilire Ghaeilge agus tá innéacs sráide a ullmhú faoi stiúr Oifigeach na Gaeilge sa chomhairle, An tUasal Malcom Scott.

Gradam do Ghaeilgeoir


Tugadh gradam anuraidh d'údar Ghaeilge na mBlocanna-H, Eoghan Mac Cormaic, nuair a d'eagraigh Comhairle Dhoire ocaíd speisialta le lainséil a leabhair crosfhocal, Fite Fuaite, a cheiliúró. Ar son a mic atá faoi ghlas le 14 bliain anuas bhronn máthair Eoghan cóip den leabhar ar leas-Mhéara na cathrach, Tony Carlin ón SDLP. Ar seisean: "Is rud iontach é a leithéid de leabhar a bheith scríofa ag Eoghan agus é ag staidéar faoi choinníollacha crua."

Foilsíodh dara leabhar Eoghan - Lúb ar Lár, leabhar crosfhocal do pháistí - ag an Nollaig agus bhí an fear é féin, agus é amuigh ar parúl, i láthair don lainséil. Tá scéal a bheatha scríofa ag fear Dhoire chomh maith agus tá foilsitheoir á lorg don saothar.

Coláiste Samhraidh

Céim mhór chun tosaigh don Ghaeilge a bhí ann i mí Iúil anuraidh nuair a d'eagraigh Roinn an Chultúir coláiste Ghaeilge do dhaoine fásta i mBéal Feirste.

D'fhreastail 30 mac léinn ar an chúrsa, agus ina measc bhí cuairteoirí as Londain, Leeds agus Nua Eabhar... D'fhan na foghlaimneoirí le teaghlaigh Ghaelacha sa chathair agus seal a gcuarta bhuaill said le díograiseoirí teanga as na Gaelscoileanna agus as na naíonraithe



Pádraig O Cnochúir as Londain lena mhúinteoir, Liam O Faoláin, ag Coláiste Ghaeilge Shinn Féin.

Chomh maith le ranganna foirmealta bhain na dátaí sult as laethe faoin tuath agus oícheanta siamsaíochta.

Cos ar bolg ar chimí

Thlonscraigh beirt chime sna Blocanna-H, An Cheis Fhada, cás príobháideach in aghaidh Oifig Thuaisceart Éireann i mí Iúil 1989 ag maíomh go raibh leatrom cultúrtha á imlirt orthu.

Dúirt Eoghan Mac Cormaic as Doire agus John Pickering as Béal Feirste gur sháraigh an cosc sa phríosún ar an Ghaeilge a gcearta faoi Alt 19 d'Acht Bhunreacht Thaisceart Éireann (1973). De réir an ailt ní cheadaítear leatrom ar bhonn creidimh no polaitíochta. Bhí cás na beirte bunaithe ar na héilimh seo a leanas:

1. An ceart ar litreacha i nGaeilge a fháil isteach sa phríosún agus a sheoladh amach.
2. An ceart ar Ghaeilge a labhairt le linn cuairteanna.
3. An ceart ar chluichí Gaelacha a imirt.
4. Feabhsú sa chóras an-mhall cinsireachta d'fhoilseacháin Ghaeilge.
5. Cead Fáinne na Gaeilge a chaitheamh sa phríosún.
6. Cead ainmneacha Gaeilge a usáid.

C'é gur chaith an chúirt amach cás na gcimí éistfear achomharc san Ard Chúirt go luath.

Idir amanna mhol Oifigeach Cultúrtha Shinn Féin i mBéal Feirste, Bairbre de Brún, iarrachtaí na bpríosúnach a d'eagraigh rás urraithe do na nalscoileanna Gaelacha sna Sé Chontae. Bailíodh corradh le £1,000 mar thoradh ar iarracht na gcimí agus bhronn Uachtarán Shinn Féin, Gearóid Mac Adhaimh, seiceanna ar 10 naíonra ag céill mór i mBéal Feirste i mí na Samhna. Ar seisean: "Is mó an éacht atá déanta agaibhse ar aon na teanga ná rinne Rialtas Bhaile Átha Cliath le 60 bliain anuas."

Comhoibriú

"Dair bunreacht na hÉireann gur le Rialtas na hÉireann tailte agus críocha uile na tír. Ach tá an rialtas céanna sásta a gcuid saoránach féin ó na 26 Chontae nó náisiúntóirí as na Sé Chontae a eiseachadh. Seo daoine as an tuaisceart a d'fhulaing leatrom agus éagóir faoi Rialtas Sasana, rialtas, a deir ceannairí na 26 Chontae, agus bunreacht na hÉireann ar bhealach i bhfad níos lúidre, nár cóir dó a bheith i gcuid de thír na hÉireann ar chor ar bith.

Tá an polasaí seo dochreidte, go háirithe nuair a chuimhnítear:


Go raibh an t-am ann nuair a d'aithin na Sasanaigh féin gur príosúnaigh polaitiúla a bhí i mbraighdeanas acu, cé gur cáineadh iad go hidirnáisiúnta as cur i bhfeidhm an bhraighdeanais agus as polasaí na brúidiúlachta a shiúil leis.

Gur shocraigh na Sasanaigh, ar mholadh Frank Kitson, deireadh a chur le cúirteanna le giúireanna agus arm den stát a dhéanamh as an chóras dlí.

Agus níl na breithimh beag beann ar na brúanna polaitiúla atá orthu. Is dream iad a bhfuil dearcadh Aondachtach acu; tá siad ag déanamh go maith as an chóras; níor chuir siad ariamh in aghaidh an chórais leatromaigh sna Sé Chontae; tá siad sásta glacadh le cúirteanna gan giúre agus daoine a fhriththead ciontach ar a 'nadmháileacha' féin. Cad é mar headh ciall do chothrom na Féinne ag breithimh a thacaigh le stát a cheil an ceart vótála ar Chaitlicigh; a chosc Caitlicigh as postanna as siocair a gcreidimh; a thug isteach braighdeanas gan trial agus a chleacht brúidiúlacht a cáineadh sna cúirteanna idirnáisiúnta.

Inniu táthar ag iarraidh orainn a chreidbhéail go bhfuighfidh Poblachtóirí a gceart i gcúirteanna na Sé Chontae agus na Sasana. Ach nár dhúirt Rialtas na 26 Chontae, i gcás an Athair Uí Riain, nach dtiocfadh leis a bheith ag dúil le cothrom na Féinne a fháil i Sasana - dearcadh a bhí fosta ag Rialtas na Beilge. Níl le déanamh againn ach spléachadh a thabhairt ar pháipéir thaibleadacha na Breataine agus an ráiteas clúiteach sin ag Sir John Junor, "Nár bh fhearr leat admháil gur muc thú na gur Éireannach thú", le feiceáil gurb é ceart don Éireannach an dual is faide siar ar choigeal an stáit Sasanaigh.

Tá an ciníochas frithÉireannach go smior i mbunafocht na Breataine, mar a léiríonn Liz Curtis ina leabhar iomráiteach, 'Nothing but the Same Old Story'. Taispeánann Liz go dtéann fréamhacha na gránach atá ar Éireannaigh i Sasana chomh fada siar le tús an imphrílúchais féin inár dtír. Tá deireadh leis an chuid is mo d'impireacht na Breataine ach níl deireadh fos leis an chiníochas. Tá sé dolligh déanamh ar shiúl le rud a chualgh chomh domhain sin i sícé agus i gcultúr na Sasanach.



Seo téacs na hóráide a thug Pádraig O Maolcraoibhe, comhairleoir Sinn Féineach i Lios na gCearrbhach, ag Slógadh Shinn Féin i gCamloch Co. Ard Mhacha.

Ta na Breatanaigh chomh toilteanach inniu an dlí a chasadh i gcásanna Éireannacha is a bhí siad i 1940 nuair a chroch siad Barnes agus McCormick as pléasc i gCoventry cé nach raibh aon baint acu leis an eachtra céanna. Tá siad sásta an PTA a úsáid, chan ar mhaith le slándáil, mar a deir siad, ach le himeaglu a dhéanamh ar na hÉireannaigh. Bhí an ceart ag Paul Hill, ar ndóigh, más go daor féin a cheannaigh sé an t-eolas, nuair a dúirt sé. "Más Éireannach thú níl seans ar bith agat."

Dearcalmis ar iompar Rialtas na Breataine sna Sé Chontae agus is léir nach bhfuil meas ar bith acu ar chearta náisiúntóirí. Is cuid lárnach dá straitéis an polasaí 'Scaoil-le-maru' agus úsáid na bpléar plaisteach. Rith an ama soláthraíonn na 'fórsaí slándála' eolas ar bhonn rialta dá gcairde sa UDA agus sa UVF.

Tá Rialtas Bhaile Átha Cliath sásta neamhiontas a dhéanamh de na rudaí seo go léir. Ba mhaith leo cur in iúl gur deáchomhartha ar chóras dlí na Breataine atá i scaoileadh saor Cheathrar Guildford i ndiaidh 14 bliana. Ach, ar ndóigh, mar tá maite ag an cheathrar féin nach raibh ina scaoileadh saor ach cruthúnas go raibh an bhréag a dhaoraigh iad ag titim as a chéile. Ach tá Seisear Birmingham, Triúr Winchester agus Judith Ward i ngéibheann go fóill sa Bhreatain agus sa tuaisceart ní féidir toiseacht a chomhárreamh líon a ndaoine a ciontaíodh san éagóir.



Masla don cheart atá sa chomhoibriú atá sa tsiúl ag Rialtas Bhaile Átha Cliath leis an rialtas is lú-measa san Eoraip ó thaobh cearta daonna de. Mar dhaonlathaithe tá sé de dhualgas againn cur in aghaidh obair shalach Rialtas na 26 Chontae agus stop a chur leis an eiseachadh. Déanaimis amhlaidh."

An tAmhrán Éireannach

Án cuimhin le héinne Bobby Sands, a ghruanna rua-indiacha a gháire dordánach

a ghártha áthais is réabhlóide?
An cuimhin le héinne é,
buachaill charcar na Má?

D'iompair séiléirí don cheall
chuile lá oráistí is arán donn,
ag plabadh dóirsí, gháireadar

os ard catarthu féin; ag rá: "an fíor?
nach mblaisfidh sé den ghlóthach fiú?
Is an leanfaidh sé air go deireadh a shli?"

Is bhaineadar de, gach maidin
go scáthshúileach á iniúchadh
ó scórnach síos go heasnacha.

Is san eadarlinn bhí an Márta
tosnaithe
is lasmuigh chnag an gheimhreadh
ar chaoráin, ar theangacha gainimhe

mar ar ionchollaíodh an mhuir go mall
ar na failltreacha ar bhruch na
hinntile, mar a bhí go haonarach

caiple fiáine glasa
ar fiar, ag siléig ar aghaidh
sior-rith na néall.

Lasmuigh lean na tonnta,
ag dul i ndisc sa bhfeamainn dhonn
is lean na locháin a chéile, le gean,
amhail

titithe bun os cionn idir na cnúic
An buachaill ó charcar na Má
ba mhian leis scríobh, dánta a scríobh.

Is chonaic lá amháin tríd an ngril
na grabhóga aráin a chaith cara leis
amach, is chuala na cantairí beaga

ag tuirlingt á bpiocadh: "ar a laghad
íosfaidh
neach éigin!" smaoinigh: b'shin sean-
fhís a óige, bheith colach

ar bheo na n-éan, cá dtéann
san spéir leathach; gach oíche cad as
a fhilleann siad. Éin. Éin dhubha, na

Fiacha a chuala sé ag ráibeadh anuas
ar mhórchópálacha díonta na dteach
ó Ard Mhacha don Chlochán,
uasalaithreacha

(i gcuimhne Bobby Sands)



éitilte iad is fuaireachta.
Tá céadta ag na fiacha le himeacht
Eitlid thar failltreacha, gaineamh is
bailte

ar airigh siad a n-éabhlóid mar
a fheicfidh
a dtitim. Go minic a neamhchorraí is
mistéir é. Minic a n-uail

níos piachánaí ná uail na anithe
Is d'airigh sé na crotaigh is na ríthe
rua, a
nglaonna lárghheimhridh, comh

chantairí plúiríní sneachta's
sabhaircíní
Is d'fhan leis na fuisseoga a chlos
anamnacha sona gurbh eol dóibh
freisin

**faoin mbás mórán níos cinnte
ná muid: d'fhan leo: "má thagaid
go luath ag eitilt os ard, samhradh**

tirim is te an tuar, samhradh
úr ná caithfeadh. "Is chuimhnigh
ina leanbh mar a d'amharc se orthu

liú na saoirse fordhaonna
fís shoiléir ó thaobh thall na spéire
ag neadú ann. Céard tá laistiar de na
ceolta.

guairneáin solais thar réim na gcróc
na gcócán dearg thíos anseo?
Ó, thug sé gean dóibh uilig na

**Leagan Gaeilge ag
Pádraig O Snodaigh
de Il Canto Irlan-
dese le Guiseppe
Conte.**

héin is na heitiltí go léir. Anois
beireann
na séiléirí prátaí te is arán donn leo
iad ag gáire ag doras an chealla

ag bualadh a mbos go tréan.
"An fíor nach mblaisfidh sé de go fóill?
Caillfear seo, caillfear amárach é."

Lis ar feadh meandoir thothlaigh sé
cáis ollóineach is mil, ach
le haoibh ansan: "ní fada go mbeidh
saithí

Tríd mo scórnach foscailte
drúcht maidne is réaltbhuíonta.
Srutháin nach n-aithníonn éinne

go luath mo thionlacan, amhráin
is bodhráin is triantáin ar ghrinneal na
mara.

An Eoraip nach dtig léi éisteacht a
thuilleadh le

guthanna na dteorainn, na
bhforaoiseacha
guthanna na dtionnta is na leapaí
ancaire,
Eoraip gan dánta, Eoraip bhalbh

le teampaill seasca, cam
tógtha la gloine is féar lofa
Eoraip loitithe, titithe.

Cá'il ealtanna na bhfaoileán
a d'éiríodh gach lá thar na Rosa
cár scaipeadh na seileastraim 's ór
Muire?

Is na coillte naofa, na ciorcail cloch
ar a mbarra, comhthreormhar
le grian le réaltraonna, cá bhfuilid?"

**D'éag sé; is fairis ansin bhí
an olread, fairis bhí báicle.
Thug na séiléirí don cheall**



Thuas: 100,000 duine ag freastal ar thórramh Bobby Sands.

an trádaire lán is an ghloine ag plabadh an dorais go láidir ag búrgháire leo eatarthu féin.

"Imeoidh duine éigin an turas seo!" Chríochnaigh an Mháirta '81 sin is tháinig míonna na huaine is an ghlé

- spéir, ach buachaill charcar an Mhá ag titim mar sheileastraim mar ór Muire a stoith anfa réaltach sa

ghas: Bobby Sands, Francis Hughes, Raymond McCreesh, Patsy O'Hara is Thomas Mac Elwee, a gcónraí

folmha, á n-iompar ar ghuaile tráthnóna ar bhóithre na Gaillimhe mar a bheannaí ceannchromtha dóibh Tusa a Dhia na spéire na talún na

n-ulscí, Dia na mearú súl na taoide ag líonadh is na gáil, a Dhia-linbh gurbh áil leat cathanna is bonnán

tusa atá lonnaithe i ngach camhaoir is gach luf gréine, tusa gur eol duit dóláis an té gur driotháir i mbás é, fáiltigh rompu.

Buachaill charcar na Má ba mhian leis scríobh, dánta a scríobh ach shíothlaigh a neart is a thaibhirimh.

Sa cheall d'ith na séilíirí Oráistí is arán donn, is gháireadar go hard eatarthu féin. Dob fhíor, bhí sé imithe

díreach ar a bhealach, thar chuile doras le n-iamh is le hoscailt thar an uile lúcháir is an uile bhrón

ar imirce faoi seo. Ar maidin bhaineadar de, scáthshúileach á iniúchadh ó scórnach síos go heasnacha.

Is tá Márta imithe is tagaithe arís lasmuigh ag an Earrach arís tá brucha bláthanna corcairghorma is craoraca

néalta ag eitilt san spéir mar éin imirce i dtreo inbhir bhogthe abhann. Buachaill

charcar na Má, an cuimhin leat é? go hard fara fuiseoga an tsolais

Tá súil ag an údar an dán seo a fhoilsiú mar phaimfléad amach anseo.



Dosaen leabhar nua

FILIOCHT

Loscadh Sleibhé. Tomás Mac Eoin agus Máire Uí Fhlatharta. (Cló Iar-Chonnachta). £3.95. Tobar na Croise. Donall O Colchúin. (Cló Iar-Chonnachta). £2.50.

PROS

Amanathar. Gabriel Rosenstock. (Cló Iar-Chonnachta). £5.00.

Dúnmharú ar an Dart. Ruaidhrí O Báille. (Cló Iar-Chonnachta). £2.50.

Ar Thoir Lóistín agus Scéalta Eile. Séamus O Conghaile. (Coiscéim). £3.00.

Sean-Dair agus Scéalta Eile. Liam Prút. (Coiscéim). £1.50.

Sionnach ar mo Dhuan. Breandán O hEithir. (Sáirséal agus O Marcaigh).

TAIGHDE

Saoir Theangan. Seán O Luíng. (Coiscéim) £5.

Iriseoireact Uí Chonaire. Eag. An tSr Eibhlín Ní Chionnaith. (Cló Iar-Chonnachta). £6.50.

An Ghaeilge, An Ghaeltacht agus 1992. Gearóid Denvir. Glór na nGael. £2.

Fothrach Folamh gan Aird. M.F. O Conchúir. (Cló Iar-Chonnachta). £2.50

Scribhneoireacht na gConal-lach. Eag. Nollaig Mac Congáil. Coiscéim. £5.



TÁ ROINNNT bheag de iar-chóipeanna SAOIRSE ar fáil do dhuine ar bith nach bhfuil an sraith ar fad aige.

Más mian leat a bheith cinnte go bhfaighfidh tú gach cóip de SAOIRSE gan teip is féidir leat síntiús bliana (nó ceithre chóip) a íoc.

IR£3.00 ata ar shíntiús bliana.

Mar sin más é iar-chóipeanna nó síntiús atá uait, scríobh chuig SAOIRSE ag 44 Cearnóg Pharnell, Baile Atha Cliath 1.

Fáilteofar roimh ailt nó litreacha ó léitheoirí don chéad eagrán eile de SAOIRSE.



LÁ nuachtán laethúil na nGael

An chéad nuachtán laethúil Gaeilge ariamh

Gné-ailt Cartúin Tuairimíocht

An nuacht is déanaí.

Síntiús ráithe: Éi.£10; Stg.£9

Foirgnimh Abhann Bheárrach,
Bóthar Bhaile Andarsan,
Béal Feirste 11.

AGUS

LÉITHEOIREACHT GAN DUÁ GAN DUALGAS
Iml. XXV Uimh. 10 DEIREADH FOMHAR 1985

Léitheoireacht gan duá gan dualgas.

AGUS

Táille bliana: £6

Gaedhealachas Teoranta,
25. Sraid Phadraig,
Corcaigh.



Lucht margaidh

30p

SAOIRSE

SOCRAID

Chaoimhín Uí Bhrádaigh 19.3.1988

Bratnach dhubh

Cad é tá sá Bhratach dhubh
Cath ar éagóir, bás inniu,
Grá go bás an Bhratach dhubh.

Is oth liom

Bás an té is ansa liom
Mac na mná ón áit thiar
'Na luí, is cros os a chionn

Screadann píb

Paidrín páirteach i mo láimh
I riocht mhairbh ar mo dhroim
Análú chairde le mo thaobh.

Stone an oilc

Mharaigh lucht chaoine gan airm
Milltown, cois uaigh, sa chill,
Ritheann rua sruth d'ár bhfuil.

Dúnmharú

Gibraltar ionad an áir
Scéin! Bás gan fógra don triúr
Molann Thatcher le ard liú

Sasanaí

Dhúnmharaigh de réir a bpleain
Mairéad Farrell, Dan McCann
Seán Savage, beirt fhear is bean.



Scuabáil chos

S.A.S., ón chúl, de ráig,
Rois philéar, 'na gcriathair táid,
Sruth d'fhuil Ghaelach ar an tsráid.

In ár dtreo

Corparail Wood agus Howes
Gan éadaigh airm, ach airm leo
Saighdiúirí faoi cheilt, gan gó.

Trom an tuairt

Trom, trom, na buillí á dtabhairt
Rith is screadaíl, scéin is buairt,
Buillí troma, tuairt ar thuairt.

Fuil, fuil, fuil,

Ó chéad sádh scian 'nár mbroin
Uafar an fuath a ghin
Éagóir Shasana ó shin.

LE 'FAN'

